Tionól Réigiúnach an Deiscirt

Southern Regional Assembly



# Tuarascáil Bhliantúil aaus Ráitis Airaeadais 2024

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Chathaoirligh | 4 |
| Réamhrá an Stiúrthóra | 5 |
| Forléargas | 6 |
| Uasdátú Corparáideach | 8 |
| Pleanáil Réigiúnach | 21 |
| Cláir Réigiúnacha CFRE | 32 |
| Cláir Mhaoinithe AE | 36 |
| Líonra Maoinithe na hEorpa | 39 |
| Tionscadail AE | 48 |
| Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann | 53 |
| Coiste na Réigiún | 57 |
| Ráitis Airgeadais Bhliantúla | 61 |
| Foireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2024 | 63 |
| Aguisíní | 64 |

# Réamhrá an Chathaoirligh



Mar Chathaoirleach tá sé de phribhléid agam an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2024 do Thionól Réigiúnach an Deiscirt.

Ba í 2024 an bhliain deiridh dár bPlean Corparáideach 2020 – 2024 ag is iontach an rud é breathnú siar ar an dul chun cinn suntasach atá déanta le linn na bliana agus ar fud Réigiún an Deiscirt. Tarraingíonn an tuarascáil seo aird ar imeachtaí agus gaiscí an Tionóil i gcaitheamh bhliain eile a bhí thar a bheith gnóthach.

Tá tábhacht níos mó tagtha ar fheidhmeanna na dTionól Réigiúnach mar leibhéal réigiúnach an rialtais agus mar phríomhchosantóir an dearcaidh réigiúnaigh i bhforbairt eacnamaíochta agus spásúil. Tharla tuilleadh comhoibre le linn 2024 le príomhpháirtithe leasmhara le haidhmeanna agus spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, mar atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach.

Cuireadh tús freisin in 2024 le téarma nua do Bhaill Thionóil Réigiúnaigh An Deiscirt, agus tar éis toghcháin áitiúla i mí an Mheithimh, chuireamar fáilte roimh Thionól nua ag ár gcruinniú Bliantúil i mí Iúil. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le hiar-bhaill a toghadh go Dáil Éireann tar éis olltoghcháin i mí na Samhna agus comhghairdeas leis an gCathaoirleach romham Garret Kelleher as a thoghadh go Seanad Éireann.

Leanann na cruinnithe míosúla reachtúla ar aghaidh mar fhóram tábhachtach don phlé agus don chomhoibriú, áit a mbíonn cuir i láthair ar an bhFuinneamh, Geilleagar Ciorclach, an Aeráid, an Bonneagar agus Tionscadail an AE, roinnt de na topaicí tábhachtacha a ndearnadh taispeántas orthu in 2024.

Rinneadh dréachtú ar an dara Tuarascáil monatóireachta dhá bhliana don Straitéis Réigiúnach Spásúla agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt, tuarascáil a dhéanann cur síos ar chur i bhfeidhm na straitéise le tacaíocht ó phríomhpháirtithe leasmhara, go háirithe údaráis áitiúla an Réigiúin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo Chomhaltaí Tionóil as a gcuid oibre luachmhar le linn na bliana ag ár gcruinnithe míosúla agus as ionadaíocht a dhéanamh ar Thionól Réigiúnach an Deiscirt ag cruinnithe agus imeachtaí éagsúla. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an Leas-Chathaoirleach, an Comhairleoir John Sheahan as a chuid tacaíochta.

Gabhaim mo bhuíochas ó chroí le David Kelly agus a fhoireann as a gcuid oibre leanúnach thar fheidhmeanna go léir Thionól Réigiúnach an Deiscirt.

**An Comhairleoir Ken Murnane**
Cathaoirleach

# Réamhrá an Stiúrthóra



Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2024 a chur i láthair. Tá sonraí sa tuarascáil ó bhliain iomlán imeachtaí ar fud ár gcuid feidhmeanna ar fad agus muid ag déanamh ár ndíchill spriocanna ár bPlean Corparáidigh 2020-2024 a bhaint amach.

Faoi chlár Réigiúnach ERDF an Deiscirt, an Oirthir agus Lár na Tíre, tháinig tús le THRIVE le linn 2024 - an Scéim um Athbheochan Oidhreachta agus Tús Áite do Lár an Bhaile, rud a thacaíonn le hathneartú fhoirgnimh oidhreachta atá folamh agus tréigthe agus lár na mbailte. Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta comh-dhearadh ar an scéim seo agus tagann sí le luachanna agus prionsabail Tús Áite do Lár an Bhaile agus Bauhaus Nua Eorpach. Déanann Tionól Réigiúnach an Deiscirt monatóireacht ar an scéim seo.

Cuireadh tús freisin le Tionscadal Proximities de chuid Interreg Europe a chuireann chun cinn seirbhísí inrochtana, spásanna gur féidir cónaí iontu agus naisc inbhuanaithe i gceantair imeallacha uirbeacha, an tionscadal FutureECOS atá maoinithe ag an AE, ag cinntiú go seasfaidh spásanna cónaithe an aimsir i réigiúin na conaire fáis, agus an Tionscadal Comhar i Muir na hÉireann a Fhorbairt (DISC).

Tar éis comhoibriú rathúil idir Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Chill Chainnigh, SETU, Comhlachais Phort Láirge agus na Boird Oideachais agus Oiliúna, tháinig bród orainn nuair a ainmníodh Port Láirge ina Cathair Foghlama de chuid UNESCO. Tacaíonn an beartas réigiúnach go láidir leis an Ainmniúchán a tugadh do Phort Láirge mar Chathair Foghlama de chuid UNESCO agus bogann sé ar aghaidh an sprioc atá leagtha amach i Straitéis Spásála agus Eacnamaíochta Thionól Réigiúnach an Deiscirt.

D'óstáil Tionól Réigiúnach an Deiscirt roinnt ócáidí agus toscaireachtaí in 2024 ar nós Cuairt Staidéir Eastónach TAIEX TSI bunaithe ar an bhforbairt inbhuanaithe spásála, Seimineár Gréasáin Eolas 3ú Glaoch de chuid Interreg Europe, ócáid Sheachtain Bhithgheilleagair na hÉireann 2024 agus an cheardlann deimhnithe tionscadail de chuid ROBIN.

Ba bhliain thar a bheith gnóthach í 2024 maidir le cur i bhfeidhm na RSES a bhogadh ar aghaidh, le foilsiú na Tuarascála Monatóireachta Dhá Bhliana a bhaineann leis an Straitéis Réigiúnach Spásála agus Eacnamaíochta 2022-2024.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár gCathaoirligh, an Comhairleoir Garret Kelleher agus an Comhairleoir Ken Murnane, as a gcuid ama agus an méid a rinne siad i gcaitheamh na bliana. Gabhaim buíochas freisin le foireann an Tionóil as a gcuid tiomantais agus díograis leis an bPlean Bliantúil Oibre 2024 a thabhairt go ceann scríbe go rathúil.

Cuirim fáilte roimh an fhoireann nua a chuaigh isteach leis an Tionól in 2024 agus gabhaim buíochas leo siúd a bhog ar aghaidh.

Mar fhocal scoir, táim ag tnúth lenár rannpháirtíocht leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear údaráis áitiúla, ranna agus gníomhaireachtaí an rialtais agus an earnáil oideachais tríú leibhéal de réir mar a leanann ról an Tionóil ag forbairt ina iarrachtaí chun tacú leis an réigiún.

**David Kelly**
Stiúrthóir

# Forléargas



# Maidir le Tionól Réigiúnach an Deiscirt

**Bunaíodh Tionól Réigiúnach an Deiscirt in 2015 agus tá sé mar chuid de shraith réigiúnach an rialtais in Éirinn.**

Cothaíonn an Tionól naisc idir an tAontas Eorpach agus leibhéil náisiúnta agus áitiúla trí phleanáil réigiúnach spásúil agus eacnamaíoch agus trí mhaoiniú Eorpach (go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) ar mhaithe le Réigiún an Deiscirt. Táimid freagrach as pleanáil straitéiseach réigiúnach agus eacnamaíoch agus as tacú le forbairt réigiúnach chothrom, inbhuanaithe.

- Leibhéal réigiúnach rialtais, arna ionadú ag ionadaithe tofa arna n-ainmniú ag ár n-údaráis áitiúla agus ag Coiste na Réigiún.
- Stiúradh a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Réigiúnaí Spásúla & Eacnamaíochta.
- Forbairt réigiúnach chothrom a chur chun cinn trí chláir agus tionscadail a fhaigheann maoiniú ó Fhorbairt Réigiúnach na hEorpa a bhainistiú, trí thacaíocht a thabhairt dóibh agus trí pháirt a ghlacadh iontu.
- Spriocanna beartais áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus AE a nascadh trí phleanáil réigiúnach agus forbairt réigiúnach AE.

Idirghníomhaíonn an Tionól leis an rialtas náisiúnta, le gníomhaireachtaí stáit, le húdaráis áitiúla, agus le páirtithe leasmhara ón earnáil phríobháideach agus ón tríú hearnáil ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus AE maidir lena fheidhmeanna reachtúla.

### Misean

Is é ár Misean ná forbairt réigiúnach a threorú trí phleanáil spásúlachta agus eacnamaíoch atá éifeachtach, inbhuanaithe agus trí chláir AE a sheachadadh, trí chomhoibriú lenár gcomhpháirtithe agus lenár ngeallsealbhóirí.

### Fís

Is í an Fhís atá againn ná réigiún atá láidir ó thaobh an gheilleagair de, cuimsitheach, ceangailte, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe.

### Luachanna

Is iad an Cheannasaíocht, an Dea-Rialachas, an Inbhuanaitheacht, Nuálaíocht, an Uaillmhian, an Comhoibriú, an Comhionannas agus an Uileghabhálacht ár Luachanna.

# Uasdátú Corparáideach



# Ballraíocht Tionóil 31 Nollaig 2024




An Comhairleoir Garret Kelleher
Cathaoirleach
Comhairle Chathair Chorcaí



An Comhairle Ken Murnane
Leas-Cathaoirleach
Comhairle Contae Cheatharlach



An Comhairleoir Ben Ward
Comhairle Contae
Cheatharlach



An Comhairleoir Clare Colleran Molloy
Comhairle Contae an Chláir,
CnaR



An Comhairleoir Tony O'Brien
Comhairle Contae an Chláir



An Comhairleoir Bill Slattery
Comhairle Contae an Chláir



An Comhairleoir Dan Boyle
Comhairle Chathair Chorcaí,
CnaR



An Comhairleoir Kieran McCarthy
Comhairle Chathair Chorcaí,
CnaR



An Comhairleoir Terry Shannon
Comhairle Chathair Chorcaí



An Comhairleoir Alan Coleman
Comhairle Chathair Chorcaí



An Comhairleoir Gillian Coughlan
Comhairle Chathair Chorcaí,
CnaR



An Comhairleoir Deirdre Kelly
Comhairle Chathair Chorcaí



An Comhairleoir Sheila O'Callaghan
Comhairle Chathair Chorcaí



An Comhairleoir
Norma Moriarty
Comhairle Contae Chiarraí



An Comhairleoir
Niall Botty O'Callaghan
Comhairle Contae Chiarraí



An Comhairleoir Bobby O'Connell
Comhairle Contae Chiarraí



An Comhairleoir John Brennan
Comhairle Contae Chill Chainnigh



An Comhairleoir
Andrew McGuinness
Comhairle Contae Chill Chainnigh



An Comhairleoir Michael Collins
Comhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh



An Comhairleoir Frankie Daly
Comhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh



An Méara John Moran
Comhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh



An Comhairleoir John Sheahan
Comhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh



An Comhairleoir Máirín McGrath
Comhairle Contae
Thiobraid Árann



An Comhairleoir Peggy Ryan
Comhairle Contae
Thiobraid Árann



An Comhairleoir Michael Smith
Comhairle Contae Thiobraid Árann



An Comhairleoir Jim Darcy
Comhairle Cathrach agus
Contae Phort Láirge



An Comhairleoir Thomas Phelan
Comhairle Cathrach agus
Contae Phort Láirge



An Comhairleoir Pip Breen
Comhairle Contae Loch Garman



An Comhairleoir
Barbara Anne Murphy
Comhairle Contae Loch Garman



An Comhairleoir Oliver Walsh
Comhairle Contae
Loch Garman

# Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach


## Cathaoirligh

Eanáir – Iúil: An Comhairleoir Terry Shannon
Iúil – Nollaig: An Comhairleoir Garrett Kelleher

## Leas-Cathaoirligh


Eanáir – Iúil: An Comhairleoir Noel Coonan
Iúil – Nollaig: An Comhairleoir Ken Murnane

## Cleamhnacht Pholaitiúil agus Cothromaíocht Inscne





## Cruinnuithe & Tinreamh


| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gnáthchruinnithe 2024** | 12th Eanáir | 9th Feabhra | 8th Márta | 12th Aibreán | 10th Bealtaine |
| | 12th Iúil | 12th Meán Fómhair | 11th Deireadh Fómhair | 8th Samhain | 13th Nollaig |




**meánráta tinrimh an chruinnithe**




**i Láthair go Pearsanta**




**ó chian**

## Cainteoirí Seachtracha agus Cainteoirí Tionóil ag Cruinnithe Tionóil 2024

| MÍ | CAINTEOIR / ÁBHAR |
|---|---|
| Dé hAoine 12 Eanáir | Forbairt a dhéanamh ar Earnáil an Bhith-mheatáin in Éirinn – Comhthéacs an Bheartais - Redmond McEvoy, Leas-Phríomhoide, Rannóg Bheartais an Athraithe Aeráide agus Bithfhuinnimh, DAFM (go pearsanta) |
| Dé hAoine 16 Feabhra | Clár Tionscnaimh Uirbeach na hEorpa (TUE) agus na deiseanna a bhaineann leis d'údaráis áitiúla – An Dr. Karl Murphy, Pointe Teagmhála Uirbeach, TROLT |
| Dé hAoine 8 Márta | Soláthar Glas Poiblí agus an Dréimire Feidhmíochta CO2 – Rachel Loughrey, Oifigeach Tacaíochta Tionscadail (Geilleagar Ciorclach), Comhairle Foirgníochta Glas na hÉireann |
| Dé hAoine 12 Aibreán | Forbairt Sócmhainní an BSL agus Amach ón gCósta - Seán Moroney agus Keith O'Sullivan, BSL; Thomas McHugh, Ørsted |
| Dé hAoine 10 Bealtaine | Dréacht den Phlean don Cheantar Sainithe Muirí ar an gCósta ó Dheas (PCSM) – Oifigigh ó DECC |
| Dé hAoine 12 Iúil | Forléargas ar Thionól Réigiúnach an Deiscirt – David Kelly<br>Forléargas ar an A.E. Rannóg na gClár – Marie Harnett<br>Forléargas ar an bPleanáil Réigiúnach – David Kelly<br>Beartas Comhtháthaithe Tar Éis 2027 – David Kelly |
| Dé hAoine 13 Meán Fómhair | SRSE: An dara Tuarascáil Monatóireachta dhá bhliana – Brigh Ryan agus Kevin Twomey<br>Clár Réigiúnach ERDF - Scéim THRIVE – Enda Hogan |
| Dé hAoine 11 Deireadh Fómhair | Tionscadal Comhar i Muir na hÉireann a Fhorbairt (DISC) – Enda Hogan |
| Dé hAoine 8 Samhain | Tionchair Eacnamaíocha Chalafoirt Réigiún an Deiscirt – Tuarascáil ó Menon Consultants<br>Clár Cliste agus Inbhuanaithe Luasghéaraithe na Soghluaisteachta - Conair 2 – Eoin O'Connor |
| Dé hAoine 13 Nollaig | Forléargas Tionscadail PROXIMITIES – Áine Whelan, Brigh Ryan, Kevin Twomey<br>Tuarascáil an tSeanaid ar a bhfuil i ndán do Dhaonlathas na hÉireann – Kevin Lynch |

## Tinreamh Comhdhála 2024

**Ócáid Oiliúna Chumann Réigiúin na hÉireann - Áth Dara, 7 agus 8 Feabhra**

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir. Ken Murnane | An Comhairleoir. Pip Breen | An Comhairleoir Thomas Phelan |
| An Comhairleoir. Joe Carroll | An Comhairleoir. Andrew McGuinness | An Comhairleoir Noel Coonan |

**Cruinniú le Toscaireacht na hEastóine i dTeach an Tionóil i bPort Láirge 24 Márta**

An Comhairleoir Dan Boyle

**CGB IPB, Óstán Gibson Bhaile Átha Cliath, 2 agus 3 Bealtaine**

An Comhairleoir Noel Coonan

**Cruinniú SPA - Halla Chathair Luimnigh, 4 Meán Fómhair**

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir.Tony O'Brien | An Comhairleoir.John Brennan | An Comhairleoir.Bill Slattery |
| An Comhairleoir. Ken Murnane | An Comhairleoir.Mairin McGrath | An Comhairleoir.Bobby O'Connell |
| An Comhairleoir.Jim D'Arcy | An Comhairleoir.Thomas Phelan | An Comhairleoir.Ben Ward |
| An Comhairleoir.Niall O'Callaghan | An Comhairleoir.Barbara Anne-Murphy | An Comhairleoir.Alan Coleman |
| An Comhairleoir.John Paul O'Shea | An Comhairleoir.Sheila O'Callaghan | An Comhairleoir.Oliver Walsh |
| An Comhairleoir.Norma Moriarty | | |

**Fóram Rannpháirtíochta Bhaill IPM, Óstán Pháirc an Mhuilinn Chearr, 4 Deireadh Fómhair**

An Comhairleoir. Ken Murnane

**Comhdháil Bhliantúil ICLRD, Oifig Chalafort Bhéal Feirste, 24 agus 25 Deireadh Fómhair**

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir. Ken Murnane | An Comhairleoir. Tony O'Brien | An Comhairleoir. Andrew McGuinness |
| An Comhairleoir. John Brennan | An Comhairleoir. Bill Slattery | An Comhairleoir. Bobby O'Connell |
| An Comhairleoir. Niall O'Callaghan | | |

**Comhdháil Tithíochta Modúlaí, Cairlinn 24 go 26 Samhain**

An Comhairleoir.Michael O'Meara

**Ceardlann Pleanála Corparáidí do Bhaill, Baile Mhic Oistín,Tiobraid Árann, 3 go 4 Nollaig**

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir.Jim D'Arcy | An Comhairleoir.Barbara Anne-Murphy | An Comhairleoir.Oliver Walsh |
| An Comhairleoir. Pip Breen | An Comhairleoir.Bobby O'Connell | An Comhairleoir.Niall O'Callaghan |
| An Comhairleoir.Norma Moriarty | An Comhairleoir.Deirdre Kelly | An Comhairleoir.John Brennan |

## Ionadaithe Choiste Faireacháin Chláir an Aontais Eorpaigh:

31 Nollaig 2024

| | |
|---|---|
| Clár Réigiúnach an Deiscirt Thoir agus Lár na Tíre 2021-2027 | An Comhairleoir.Garret Kelleher<br>An Comhairleoir.John Brennan<br>An Comhairleoir.Gillian Coughlan<br>An Comhairleoir.Bill Slattery |
| Plean Straitéiseach CAP (CSP) 2023-2027 | An Comhairleoir.Sheila O'Callaghan |
| CSE+ Fostaíocht, Cuimsiú, Scileanna agus Oiliúint (EIST) 2021-2027 | An Comhairleoir.John Sheahan |

## Ionadaithe ó Choiste na Réigiún - Réigiún an Deiscirt

| | |
|---|---|
| Comhaltaí Iomlána | An Comhairleoir Deirdre Forde<br>An Comhairleoir Kieran McCarthy<br>An Comhairleoir Michael Murphy |
| Comhaltaí Eile | An Comhairleoir Dan Boyle<br>An Comhairleoir Gillian Coughlan<br>An Comhairleoir Conor D McGuinness |

## Ionadaithe ó Chumann Réigiúin na hÉireann

Is é Cumann Réigiúin na hÉireann an grúpa ionadaíoch a bhaineann leis na trí Thionól Réigiúnacha in Éirinn (TROLT, TRTI agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt). Faoi Tionscadal Éireann 2040, agus trí na Straitéisí Réigiúnacha Spásála agus Eacnamaíochta go sonrach, tá ról ceannasaíochta ag na trí Thionól Réigiúnacha maidir le tacú le spriocanna náisiúnta a bhaint amach agus tá siad chun tosaigh go mór maidir leis an gcleachtas is fearr i roinnt mhaith réimsí maidir leis seo.

Tharla "Regions in Focus", Cumann Bliantúil Réigiúin na hÉireann in Áth Dara ag tús mhí Feabhra 2024. Dhírigh an ócáid oiliúna seo ar ról na gComhairleoirí ag leibhéil áitiúla agus Eorpacha trí fhóraim éagsúla.

Shínigh Cathaoirleach an Chumainn an Bunreacht leasaithe i mí na Samhna 2024.

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Garrett Kelleher (Cathaoirleach) | An Comhairleoir Ken Murnane (Leas-Cathaoirleach) |
| An Comhairleoir Terry Shannon (Iar-Chathaoirleach) | An Comhairleoir Niall 'Botty' O Callaghan |
| An Comhairleoir Máirín McGrath | An Comhairleoir Máirín McGrath |

## Joint SPA Committee and Members Workshop

In 2024, tharla 2 Cheardlann éagsúla do Bhaill an Tionóil. An chéad ócáid, ba Chomh-Cheardlann SPA a bhí inti i Luimneach ar an 4 Meán Fómhair dírithe ar an Dréacht Leasaithe den Chreat Náisiúnta Pleanála.

Tharla an dara hócáid i mBaile Mhic Oistín ar an 3 agus an 4 Nollaig; bhí dhá phríomhábhar ag baint le Ceardlann do Bhaill agus comhairliúchán, mar fhóram comhairliúcháin ar an gcéad dul síos don chéad Phlean Corparáideach eile 2025 – 2029 agus ar an dara dul síos, Aighneacht an Tionóil don Dréacht Leasaithe den Chreat Náisiúnta Pleanála.

Tharla an dara hócáid i mBaile Mhic Oistín ar an 3 agus an 4 Nollaig; bhí dhá phríomhábhar ag baint le Ceardlann do Bhaill agus comhairliúchán, mar fhóram comhairliúcháin ar an gcéad dul síos don chéad Phlean Corparáideach eile 2025 – 2029 agus ar an dara dul síos, Aighneacht an Tionóil don Dréacht Leasaithe den Chreat Náisiúnta Pleanála.



Garret Kelleher ag an gCruinniú Straitéiseach Pleanála Ceantair, Luimneach, Meán Fómhair 2024

## Cruinniú Bliantúil agus Toghadh an Chathaoirligh

**Tharla an Cruinniú Bliantúil ar an 12 Iúil agus cuireadh fáilte roimh na Baill ainmniúcháin a mholadh do phost mar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Tionóil, agus an post sin a bheith acu go dtí mí Iúil 2025.**

Toghadh an Comhairleoir Garret Kelleher ó Chomhairle Chathair Chorcaí mar Chathaoirleach ag an gcruinniú. Is ball de Fhine Gael é an Comhairleoir Kelleher agus d'oibrigh sé cheana i gCoimisiún na hEorpa sa Bhruiséil agus i Lucsamburg, in Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus Cosaint na dTomhaltóirí agus bhí sé ar Choiste Slándála Sláinte na hEorpa agus ar Choiste Stoc-Charntha na hEorpa.

Toghadh an Comhairleoir Ken Murnane ó Chomhairle Contae Cheatharlach ina Leas-Chathaoirleach. Toghadh ball d'Fhianna Fáil, an Comhairleoir Murnane ina bhall ar an gComhairle den chéad uair in 2016 agus tá sé ar an dara téarma mar Bhall de Thionól Réigiúnach an Deiscirt.



Fotheideal: Cuireann an Cathaoirleach, an Comhairleoir Terry Shannon, atá ag éirí as, fáilte roimh an gCathaoirleach nua-thofa, an Comhairleoir Garret Kelleher, Iúil 2024.

## Buaicphointí Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2024


- Seoladh THRIVE - Scéim Athbheochana Oidhreachta Lár an Bhaile ar dTús.
- Tháinig toscaireacht ón Eastóin mar chuid de Chuairt Staidéir TAIEX TSI bunaithe ar an bhforbairt inbhuanaithe spásúil.
- Tharla an Seimineár Gréasáin Eolais 3ú Glao de chuid Interreg Europe do Rannpháirtithe as Éirinn.
- Rinneadh cur i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Pleanála 2024 de chuid Institiúid Phleanála na hÉireann.
- Seoladh an Tionscadal Proximities de chuid Interreg Europe.
- Ainmniúchán Bhaill an Tionóil do théarma 2024 – 2029.
- Seoladh an Tionscadal FutureEcos atá maoinithe ag an AE.
- Seoladh an Tionscadal Comhar i Muir na hÉireann a Fhorbairt (DISC).
- Tharla Seachtain Bhithgheilleagair na hÉireann 2024 agus an cheardlann deimhnithe tionscadail de chuid ROBIN.
- Foilsíodh Tuarascáil Mhonatóireachta Dhá Bhliana na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíche 2022-2024.



Fotheideal: An Stiúrthóir David Kelly ag labhairt le muintir ócáid Lá n hEorpa i Leabharlann Phort Láirge, Bealtaine 2024.

## Foilseacháin 2024







## Teachtaireachtaí ar Líne 2024


2,986 leantóir / meán de 40k imprisean míosúil

653 leantóir / meánchlúdach postála 1,500

483 leantóir / meánchlúdach postála 95

927 leantóir / meán de 6000 imprisean míosúil




## Gníomh Aeráide


Athdhearbhaíonn an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 dhá sprioc ardleibhéil do chomhlachtaí poiblí a tugadh isteach ar dtús i leaganacha roimhe seo den phlean:

**Ní mór don earnáil phoiblí feabhas 50% a chur ar a héifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030.**
Tógtar leis an sprioc ar an sprioc éifeachtachta roimhe seo 33%-faoi-2020 agus tá sé bunaithe ar bhonnlínte reatha na gcomhlachtaí poiblí, a bhfuil an chuid is mó acu ná 2009 (nó níos luaithe).

**Ní mór don earnáil phoiblí laghdú 51% a chur ar a hastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.**
Sannfar sprioc laghdaithe astaíochtaí ag leibhéal an chomhlachta poiblí bunaithe ar thonnáiste absalóideach d'astaíochtaí GCT. Is éard a bheidh i gceist leis an sprioc iomlán tonnáiste ná laghdú de 51% ar astaíochtaí díreacha a bhaineann le fuinneamh (tomhaltas teirmeach agus iompair), chomh maith le laghduithe réamh-mheasta ar thaobh an tsoláthair ar astaíochtaí indíreacha a bhaineann le fuinneamh ó leictreachas. Is é an bhonnlíne don mhodheolaíocht ná an tréimhse 2016 go 2018.

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt tiomanta do pháirt a ghlacadh maidir le feabhsuithe in éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú ar fud na hearnála poiblí a bhaint amach. Bunaithe ar ár dtuairisciú chuig SEAI tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt chun tosaigh maidir le spriocanna 2030 déanfaidh sé feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh. Is ball é Tionól Réigiúnach an Deiscirt den Chlár Comhpháirtíochta Dícharbónaithe Fuinnimh SEAI. I Meitheamh na bliana 2024, d'fhoilsigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt ár dTreochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide.

De réir Ciorclán 01/2020 na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le Nósanna Imeachta chun Astaíochtaí a Bhaineann le hAerthaisteal Oifigiúil a Fhritháireamh, taifeadann agus déanann Tionól Réigiúnach an Deiscirt monatóireacht ar astaíochtaí arna dtabhú ag an bhfoireann le linn aerthaistil oifigiúil agus cuireann sé le Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide chun na hastaíochtaí sin a fhritháireamh.
Bunaithe ar an bhfuinneamh a úsáideadh agus an astaíocht GCT bhí rátáil DEC B3 ag Teach an Tionóil in 2024.



Léiríonn na príomhtháscairí feidhmíochta seo a leanas an dul chun cinn atá déanta againn i dtreo ár gcuid spriocanna fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Léiríonn siad freisin an t-athrú atá déanta ag ár gcuid astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh le himeacht ama.

### Fossil $CO_2$ emissions

In 2024, fossil CO2 was 14.8% above the baseline of 7,717 kgCO2.

**2024: 8,863 kgCO2**

**2030 target: 3,782 kgCO2**

To achieve this target, fossil CO2 must reduce by 57.3% from 2024 level within 6 years. No planned energy-saving projects have been reported that will reduce fossil CO2 in 2030*.

### Total $CO_2$ emissions

In 2024, total CO2 was 73.3% below the baseline of 52,111 kgCO2.


**2024: 13,933 kgCO2**

**2030 target: 13,020 kgCO2**

To achieve this target, total CO2 must reduce by another 6.6% from 2024 level within 6 years. No planned energy-saving projects have been reported that will reduce total CO2 in 2030*.


### Energy efficiency

By 2024, energy performance had improved by 86.8% since the baseline.




If energy performance is maintained at this level for another 6 years, the efficiency target will be achieved. No planned energy-saving projects that will improve performance in 2030 have been reported*.


### Fossil $CO_2$ target




### Total $CO_2$ target





### Energy efficiency target



**Projected impact of planned energy-saving projects reported via SEAI's monitoring & reporting (M&R) system**

*Note that the projected future impacts of planned projects are calculated from the data reported to SEAI by the organisation. The projections assume that the organisation will not grow its energy footprint between now and 2030, e.g. through expansion, new capacity etc.

**Fossil CO2 target, kgCO2** | **Total CO2 target, kgCO2** | **Energy efficiency target, EnPI**





No planned projects have been reported that will reduce fossil CO2 in 2030, indicating a gap to target of 5,082 kgCO2 in 2030*.

No planned projects have been reported that will further reduce total CO2 in 2030. However, it is likely that 2030 emissions will be below the target level*.


No planned projects have been reported that will improve energy performance in 2030. However, it is likely that 2030 performance will be within the target level*.

Thermal CO2 · Transport CO2 · Electricity CO2 · Energy performance indicator · 2030 business as usual · 2030 target


**Thermal energy**




Final energy
**43,291 kWh**
consumed in 2024





Primary energy
**50,097 kWh**
consumed in 2024





CO2 emission
**8,863 kgCO2**
emitted in 2024


**Electricity**




Final energy
**19,157 kWh**
consumed in 2024





Primary energy
**34,191 kWh**
consumed in 2024





CO2 emission
**5,070 kgCO2**
emitted in 2024


**Total energy**




Final energy
**62,448 kWh**
consumed in 2024




Primary energy
**84,288 kWh**
consumed in 2024




CO2 emission
**13,933 kgCO2**
emitted in 2024

Is éard is fuinneamh príomhúil ann an méid iomlán fuinnimh a úsáidtear agus cuireann fuinneamh deiridh síos ar an bhfuinneamh a ídíonn úsáideoir deiridh go díreach.

## Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 araon i bhfeidhm in 2018. Leanann an Tionól d'athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí de réir an cheanglais reachtúil seo. Ní dhearnadh aon iarratas faoin reachtaíocht maidir le cosaint sonraí le linn 2024.

## Saoráil Faisnéise

Forálann an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 go bhfuil ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh comhlachtaí poiblí, go gceartaítear nó go nuashonraítear faisnéis phearsanta fúthu sa chás go bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus go dtugtar cúiseanna dóibh maidir le cinntí a dhéanann comhlachtaí poiblí a dhéanann difear dóibh.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais: | 2 | Deonaithe | 2 | Deonaithe i bPáirt | 0 |
| Diúltaithe | 0 | Tarraingthe siar | 0 | Arna iompar go dtí 2025 | 0 |

## An Ghaeilge

Tá Oifigeach Gaeilge ar leith ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus tá obair ar siúl le linn 2024 chun comhlíonadh a chinntiú le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021.

Ar aon dul le forálacha an leasaithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá gach gníomhaíocht fógraíochta agus cumarsáide Gaeilge de chuid an Tionóil á rianú d'fhonn spriocanna Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhaint amach, ina gceanglófar ar gach comhlacht poiblí 20% dá bhfógraíocht bhliantúil ar a laghad a dhéanamh as Gaeilge agus 5% dá bhfógraíocht sna meáin Ghaeilge.

Próiseas monatóireachta an Tionóil do mhí Eanáir – Léirigh Nollaig 2024 gur fógraíocht do chláir ábhartha AE a chur chun cinn agus próisis earcaíochta is mó a bhí sa bhfógraíocht in 2024; cuireadh 7% d'fhógraíocht an Tionóil sna meáin Ghaeilge, rud a bhain le 3% den chaiteachas fógraíochta. Tá sé suntasach go ndearnadh 19% d'fhógraíocht an Tionóil i nGaeilge, cé gur cuireadh sna meáin Bhéarla é (m.sh.: nuachtáin, ar líne agus raidió).

Is gné thábhachtach í an easpa clúdaigh sna meáin agus stáisiúin raidió a bhaineann leis an nGaeilge i Réigiún an Deiscirt agus anailísiú á dhéanamh ar na sonraí.

## Athruithe Foirne an Tionóils

In 2024, chuir Tionól Réigiúnach an Deiscirt fáilte roimh na baill foirne nua seo a leanas: **Adam Hearne**, Oifigeach Cléireachais, Acmhainní Daonna agus Airgeadas, **Ian Ludlow**, Oifigeach Sinsearach Foirne, Gnóthaí Corparáideacha, **Lorrain Barron**, Oifigeach Cléireachais, Rannóg AE, **Rhiannon Carey Bates**, Oifigeach na dTionscadal, Rannóg AE, **Ronan O'Brien**, Oifigeach Riaracháin, Cláir Réigiúnacha, **Padraig O'Shea**, Pleanálaí Sinsearach Feidhmiúcháin/ Oifigeach Réigiúnach Pleanála, Pleanáil.

Bhí arduithe céime freisin do **Colm Walsh**, Oifigeach Gníomhach Tionscadal, Rannóg AE, **Eoin O Connor**, Pleanálaí Gníomhach Sinsearach Feidhmiúcháin/Oifigeach Réigiúnach Pleanála, Pleanáil **Yvonne Cooney**, Oifigeach Gníomhach Foirne, RCL.

Guímid gach rath ar **Rebecca Walsh**, Oifigeach Tionscadal, Rannóg AE, agus í ag bogadh ar aghaidh go gairm nua.

## Sláinte agus Sábháilteacht sa Tionól

Cuireadh oiliúint sábháilteachta ar an bhfoireann le linn 2024. Clúdaíodh san oiliúint seo topaicí ar nós feasacht sábháilteachta, reachtaíocht, measúnú riosca, eirgeanamaíocht, agus sábháilteacht dóiteáin. Mar thoradh ar an oiliúint seo, rinneadh nuashonrú ar an Ráiteas Sábháilteachta agus dáileadh ar an bhfoireann é. Fostaíodh sainchonraitheoirí chun scrúdú agus leasú a dhéanamh, nuair ba ghá leis, ar an Ráiteas Sábháilteachta. Rinneadh na conraitheoirí céanna iniúchadh sábháilteachta foirgnimh. Cuireadh gach ceartú a moladh i bhfeidhm. Tuairiscíodh eachtra amháin le linn 2024.

## Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas


Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt feasach ar Chearta an Duine agus ar Chomhionannas ar fud a chuid oibre ar fad, agus mar eagraíocht. Bunaíodh an Grúpa Oibre ar son an Chomhionannais agus Chearta an Duine de chuid an Tionóil a bhaineann leis an Earnáil Phoiblí in 2023 agus leanann an obair sin ar aghaidh. Tá Cathaoirleach ón bhFoireann Sinsearach Bainistíochta ag an GO, agus áirítear leis an ngrúpa sin ionadaithe ó gach Roinn (Pleanáil, AE, Corparáideach, Acmhainní Daonna) agus tá sé mar sprioc oibre acu comhlíonadh a chinntiú leis na ceanglais reachtúla a bhaineann le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine agus Chomhionannas de chuid na hÉireann.

Tá mé mar sprioc ag an GO tuiscint a chothú i measc na foirne, agus an próiseas comhlíonta, a mbaineann trí chéim leis, maidir leis an Dualgas a éascú (measúnú, dul i ngleic, tuairiscigh). Maidir leis seo, le linn R2 in 2024; rinne gach ionadaí de chuid an GO intreoir ghairid os comhair an Dualgais agus a gcuid comhghleacaithe ón roinn. Ina theannta sin, rinne gach ball foirne – idir shealbhóirí agus bhaill nua, an modúl Ríomhfhoghlama ar Dhualgas Cúraim na hEarnála Poiblí, agus bhain siad teastas amach. Tá an oiliúint seo éigeantach anois do bhaill nua ar fad.

I gcaitheamh 2024, bhí ceardlann ag gach roinn freisin le heolas a bhailiú don chéim "Measúnú" i bpróiseas comhlíonta Dhualgas na hEarnála Poiblí. Rinne ionadaí ón GO éascaíocht ar na ceardlanna seo agus é mar aidhm acu ceisteanna comhionannais agus cearta an duine a shainaithint a bhaineann le cuspóir agus feidhmeanna Thionól Réigiúnach an Deiscirt. Cuirfidh na torthaí ón gcéim "Measúnú" le Plean Gnímh don eagraíocht agus déanfar tuairisciú air seo sa Tuarascáil Bhliantúil.

# Plean Corparáideach 2020 – 2024

Tosaíodh an dréachtú ar an bPlean nua Corparáideach 2025 – 2029, lean an obair ar aghaidh le spriocanna an tsean-phlean a bhaint amach, de réir trí sprice ar ard-leibhéal.




**Sprioc 1** — **Ceannaireacht Réigiúnach**

- Rialachas Réigiúnach - Réigiún a chuireann forbairt réigiúnach inbhuanaithe agus rialachas réigiúnach chun cinn in Éirinn.
- Comhoibriú Straitéiseach - Réigiún a bhíonn rannpháirteach, a chomhoibríonn, agus a chruthaíonn comhpháirtíochtaí ar mhaithe leis an Réigiún.
- Ionadaíocht Réigiúnach - Tacú le hionadaíocht dhaonlathach réigiúnach, í a chothú agus a fhorbairt.

**Sprioc 2** — **Ár nDaoine a Luacháil**

- Dualgais na hEarnála Poiblí - A chinntiú go bhfuil na rudaí cearta á ndéanamh againn ar an mbealach ceart do mhuintir ár réigiúin agus dár bhfostaithe, ar bhealach cuimsitheach, oscailte agus freagrach, bunaithe ar an ngá atá ann deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne a chosaint.
- Forbairt Eagraíochtúil - Eagraíocht nuálach, oiriúnaitheach agus freagrúil.
- Bainistíocht Acmhainní Daonna - Luacháil & ár bhFoireann a fhorbairt.

**Sprioc 3** — **Forbairt Réigiúnach Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn**

- Na cuspóirí RSES a bhaint amach.
- Cláir agus Tionscadail an AE - Leas a bhaint as na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann don Réigiún.
- Taighde agus Sonraí Réigiúnacha.

## Dul Chun Cinn 2024

| |
|---|
| 10 gcruinniú reachtúla de Thionól Réigiúnach an Deiscirt |
| 78% meánráta tinrimh ag Cruinnithe reachtúla an Tionóil |
| Foilsíodh 1 tuarascáil bhliantúil Thionól Réigiúnach an Deiscirt |
| 34 Ghníomh Cur Chun Feidhme na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíochta (RSES) |
| Críochnaíodh 3 thuarascáil maidir le Pleananna Pobail Áitiúil agus Eacnamaíochta (PÁEPanna) |
| 131 éileamh tionscadail le luach €3.6 milliún ag comhpháirtithe Éireannacha arna n-iniúchadh ag Rialú Céadleibhéil (RCL) |
| Comh-cheardlann SPA ar athbhreithniú an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP) |
| Ócáid amháin de chuid 'Regions in Focus' trí Chumann Réigiúin na hÉireann (CRÉ) |
| Seoladh Thrive, FutureECOS, Proximities agus Tionscadail DISC |




# Pleanáil Réigiúnach

# Pleanáil Réigiúnach

## Forléargas

**Thug an tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Tionóil Réigiúnacha) (Bunú), 2014 isteach ról láidir do Thionól Réigiúnach an Deiscirt maidir le pleanáil spásúlachta agus forbairt eacnamaíoch Réigiún an Deiscirt.**

Is í príomhfheidhm pleanála straitéisí an Tionóil ná an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) do Réigiún an Deiscirt a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. Tá ról maoirseachta aici freisin maidir le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) a ullmhú agus aighneachtaí reachtúla ar Phleananna Forbartha Cathrach agus Contae (CCDP) a ullmhú.

## Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) do Réigiún an Deiscirt

Is creat straitéiseach forbartha réigiúnaí 12 bhliain é RSES a foilsíodh i mí Eanáir 2020 don chaoi ar cheart forbairt a dhéanamh ar ár sochaí, ár gcomhshaol, ár ngeilleagar agus ar úsáid talún. Áirítear ann Pleananna Straitéiseacha do Cheantar Cathrach (MASPanna) do Chorcaigh, Luimneach-Sionainn agus Port Láirge, agus straitéisí dár bPríomhbhailte, bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe. Tá sé mar aidhm ag RSES tacú le seachadadh an chláir athraithe atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040: sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-27 (NDP). Ba é príomhfhócas na hoibre tar éis an fhoilsithe ná cur chun feidhme.

## Monatóireacht & Tuairisciúg

I mí Nollag 2024, d'fhoilsigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt a dara Tuarascáil Monatóireachta RSES. Is éard a bhí i gceist leis an tuarascáil ná tuarascálacha a chur isteach na deich n-údarás áitiúla ar fad agus comhlachtaí poiblí agus cuireadh deis luachmhar ar fáil chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtach an cur chun feidhme go dtí seo chomh maith le breathnú ar na bacainní ar dhul chun cinn. Luaigh an tuarascáil go ndearnadh obair mhór maidir le beartais a chomhaontú ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus go bhfuil tacaíocht á fáil tar éis gur tugadh isteach Pleananna Forbartha na Cathrach agus an Chontae chomh maith le hinfheistíochtaí ó Tionscadal Éireann 2040, ach tá cúiseanna imní ann i gcónaí. Tá gá le tuilleadh ailínithe idir maoiniú ón rialtas agus beartais le spriocanna an Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) a bhaint amach go hiomlán ar mhaithe le forbairt chothrom réigiúnach.

I mí Mheán Fómhair, rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt iarratas don Chéad Leasú agus don CNP, agus lean ceardlann é seo le baill an Tionóil i Luimneach. Bhí ráiteas tacaíochta do phróiseas an CNP san iarratas agus 'an fhéidearthacht ann dul i ngleic leis na ceisteanna suntasacha spásúlachta, sochaí, geilleagair agus timpeallachta atá in Éirinn. Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt tiomanta dá ról le rath an CNP a chinntiú.'

Bhí Ráiteas Ceisteach sa tuarascáil freisin, áfach, a d'aibhsigh go mbaineann éagothroimí neadaithe infheistíochta tíreolaíocha le héachtaí agus féidearthachtaí an CNP, rud a chuireann isteach ar spriocanna náisiúnta maidir le hathrú aeráide, fás inbhuanaithe lena n-áirítear forbairt chothrom réigiúnach, forbairt tuaithe, agus forbairt ár gCeantar Cathrach; Corcaigh, Luimneach-Sionainn agus Port Láirge, agus go gcuireann sé seo isteach orthu sin. Áiríodh leis an aighneacht Moladh Uileghabhálach maidir leis an méid seo a leanas:

Ní mór an Chéad Leasú den Chreat Náisiúnta Pleanála a neartú go mór le haird a thabhairt agus le dul i ngleic leis an easpa ailínithe idir an cur chuige Cothromaíocht Réigiúnach agus an múnla struchtúrtha agus maoinithe leis an gcuspóir seo a bhaint amach.

## Gníomhartha Chur Chun Feidhme

Tá 301 cuspóir ag RSES: 229 Cuspóirí Beartais Réigiúnacha (RPOanna) mar aon le cuspóirí sonracha le haghaidh MASPanna: 22 do



Chorcaigh, 23 do Luimneach-Sionainn agus 27 do Phort Láirge. Tá spriocanna éagsúla ag baint leis na cuspóirí sin agus baineann siad le gníomhaíochtaí sonracha a bheidh le déanamh ag páirtithe leasmhara - Réigiúnach, Oiliúnach agus Tacúil.

Tugann na cuspóirí aghaidh ar thrí cholún uileghabhálacha a chomhfhreagraíonn do 11 Ráiteas Straitéise in RSES:

- Réigiún Glas
- Réigiún Inmharthana
- Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach

## Gníomhaíochtaí, Dul Chun Cinn agus Clocha Míle in 2024

Ba é an tosaíocht do 2024 leanúint de RPO 226 a bhaint amach:

Laistigh de bhliain tar éis RSES a dhéanamh, bunóidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt sásanna, pleananna agus struchtúir láidre cur chun feidhme, lena n-áirítear coistí grúpaí stiúrtha trasearnálacha agus coistí grúpaí stiúrtha na n-údarás áitiúil trasteorann, chun a áirithiú go mbeidh seachadadh an RSES agus na MASPanna sonrach intomhaiste, insroichte, réadúil agus faoi cheangal ama. Áireofar sa chéim cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta lena n-áirítear spriocanna atá ceangailte ó thaobh ama de, táscairí dul chun cinn agus plean socraithe rianaithe tionscadal chun seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú.

Rinneadh an cuspóir sin a chur chun cinn trí na 34 Ghníomh Cur Chun Feidhme mar seo a leanas:

| Uimh. Tasc | Tasc | Príomhréimse Dul Chun Cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn |
|---|---|---|
| 1 | **Baint amach spriocanna an CNP/SRSE a chinntiú do Réigiún an Deiscirt lena n-áirítear NPO 1a a chur chun cinn - Deighilt 50:50 agus Moltaí Tuarascálacha Dhá Bhliain a Chur chun Feidhme.**<br><br>CBR ábhartha 226: Sásra Cur chun Feidhme don Straitéis agus do MASPanna. | Chuir Tionól Réigiúnach an Deiscirt an dara Tuarascáil Monatóireachta Dhá Bhliana de chuid an RSES i gcrích in 2024.<br>Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt gníomhaíocht chomhbheartaithe i ndáil le NPO 1a den CNP, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar chumas na struchtúr réigiúnach maidir leis an CNP a sholáthar agus critíc ar an mbonn struchtúrach d'infheistíocht; d'oibrigh sé leis an Sainghrúpa ar Athbhreithniú an CNP; d'oibrigh sé le Fóram Comhairleach Pleanála an CNP agus d'oibrigh sé leis na húdaráis áitiúla agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) maidir leis an gceist seo.<br>Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt aighneacht don chéad Athbhreithniú den Athbhreithniú CNP tar éis cheardlann do bhaill i Luimneach.<br>Chuir Tionól Réigiúnach an Deiscirt le hobair na ceardlainne a tharla ag Acomhal Luimnigh, Tiobraid Árann i Meitheamh 2023, ar an ábhar Tionól Réigiúnach an Deiscirt in Éirinn atá ag athrú – Dúshláin, saincheisteanna & deiseanna. Chomh maith le Comhaltaí Tionóil agus foireann, d'fhreastail ionadaithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Ollscoil Mhá Nuad, agus OT Baile Átha Cliath air. Bhí an t-imeacht bunaithe ar thrí sheisiún a bhaineann le:<br>Sainordú Daonlathach, Nasc leis an Leibhéal Náisiúnta, agus Maoiniú agus Struchtúr. Cuireadh na 9 moladh seo a leanas le chéile ó na seisiúin, agus aontaíodh leo ina dhiaidh sin ag cruinniú an Tionóil i mí Dheireadh Fómhair:<br>1. Ba cheart beartais lena gcinntiú go mbeidh feasacht níos mó ar thionscnaimh tionóil réigiúnacha ag an leibhéal údaráis áitiúil a fhorbairt.<br>2. Ba cheart do Thionól Réigiúnach an Deiscirt, mar aon le TROLT/TRTI agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta/OPR roimh thoghcháin 2024 cláir a leagan amach maidir le hainmniúchán comhaltaí tofa |

| | | |
|---|---|---|
| | | chun an Tionóil Réigiúnaigh lena n-áirítear eolas ar ról agus freagrachtaí an Tionóil Réigiúnaigh, cothromaíocht gheografach/ó thaobh an daonra de.<br>3. Ba chóir go mbeadh buanmhír maidir le Coiste na Réigiún ar bhonn ráithiúil.<br>4. Ba chóir plé níos mine a dhéanamh ar cheist na gcruinnithe cianda lena n-áirítear machnamh ar an seasamh náisiúnta, tionóil réigiúnacha eile, agus bearta chun rannpháirtíocht a bharrfheabhsú.<br>5. Ba chóir plé níos mine a dhéanamh ar cheist na n-oifigeach AE ar leibhéal an údaráis áitiúil lena n-áirítear le hÚdaráis Áitiúla/RTRÁO.<br>6. Ba chóir go leanfadh an Tionól Réigiúnach ar aghaidh le comhtháthú struchtúir níos mó le ranna rialtais ábhartha a mholadh.<br>7. Ba chóir na meicníochtaí cur chun feidhme RSES a fheabhsú, agus ba chóir cumarsáid maidir le dul chun cinn a thuairisciú do na comhaltaí.<br>8. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar ról agus nádúr na gcomhlachtaí réigiúnacha éagsúla chun éifeachtacht agus comhordú eatarthu a fheabhsú.<br>9. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr airgeadais agus foirne an tionóil réigiúnaigh i gcomhthéacs a róil agus trí thagairt a dhéanamh do chomhlachtaí poiblí eile.<br>Áiríodh leis seo léiriú de thuairim an Tionóil Réigiúnaigh ag Athbhreithniú Údarás Áitiúil an tSeanaid. |
| **Uimh. Tasc 2** | **Struchtúir do Phlean Straitéiseach Ceantair Cathrach (MASP) a bhunú**<br><br>CBR ábhartha 226: Sásra Cur chun Feidhme don Straitéis agus do MASPanna. | • Bhí rannpháirtíocht leanúnach ar siúl le Coiste Stiúrtha Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (PSCC) do Cheantar Cathrach Chorcaí.<br>• Rannpháirtíocht sna struchtúir chur chun feidhme nua de chuid DEM Luimneach 2040.<br>• D'ullmhaigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt cur chuige comhaontaithe – 'A Unified Voice' do Cheantar Cathrach Phort Láirge lena bhféachtar le sásra foirmiúil comhordaithe/soláthair a chur ar bun lena nascfar Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, RCPA, ranna rialtais ábhartha eile, agus páirtithe leasmhara ábhartha, agus é an cuspóir atá acu go léir Guth Aontaithe a sholáthar d'fhorbairt an Cheantair Cathrach. Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl maidir le bunú na struchtúr nua sin.<br>Bhí Tionól Réigiúnach an Deiscirt ina phríomhspreagadh maidir le hathrú struchtúrach MASP a mholadh leis an RTRÁO agus mar chuid d'obair an ECFE ar athbhreithniú an CNP. |
| **Uimh. Tasc 3** | **Táscairí Réigiúnacha a Fhorbairt agus Monatóireacht**<br><br>CBRanna ábhartha 68: Infheistíocht Réigiúnach; 71 Bonn Fianaise Roinnte; agus 226 Sásra Cur chun Feidhme don Straitéis agus do MASPanna. | Is príomhthasc é sin agus cuimsíonn sé rianú ar sheachadadh bonneagair don Réigiún lena n-áirítear forbairt cumais GIS an Tionóil Réigiúnaigh. Áiríodh leis na tascanna:<br>• Ullmhaíodh an dara tuarascáil monatóireachta RSES don tréimhse monatóireachta 2022-2023.<br>• Tá ullmhú na Tuarascála Monatóireachta seo ina chéim ríthábhachtach chomh maith lena chinntiú gur féidir cur chun feidhme a thomhas go cruinn.<br>• Cuireadh rianú ar sheachadadh bonneagair agus anailís ar |

| | | |
|---|---|---|
| | | phríomhthreochtaí lena n-áirítear torthaí Dhaonáireamh 2022, faisnéis nua maidir le soláthar tithíochta, chomh maith le forbairt acmhainn GIS, agus cuireadh i bhfeidhm go rathúil é, rud a chuir leis an Tuarascáil seo agus a chuirfidh leis an mbonn fianaise don athbhreithniú atá le teacht ar an CNP agus ar an SRSE.<br>• Forbraíodh an Mol Monatóireachta Forbartha Réigiúnaí (MFR) ar tionscadal comhoibríoch é idir na trí Thionól Réigiúnacha, an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Oileáin (AIRO) ag Ollscoil Mhá Nuad agus comhpháirtithe bonneagair spásúla Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) tríd an ardán GeoHive. Déantar réimse táscairí socheacnamaíocha agus comhshaoil ábhartha a chomhordú agus a shamhlú leis chun feidhmíocht gach ceann de na trí Réigiún a chur i láthair maidir leis na cuspóirí a leagtar amach ina SRSEnna faoi seach a bhaint amach. Soláthraítear leis sraith bonneagair náisiúnta léarscáilithe agus léirshamhlaithe chun cuidiú le Ranna Rialtais, Tionóil Réigiúnacha, Údaráis Áitiúla, Pleanálaithe, Lucht Déanta Beartas, Taighdeoirí agus baill den phobal léargas níos fearr a fháil ar threochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil chun cur le cinnteoireacht níos fearr. Dírítear ann freisin ar tháscairí a bhaineann le Torthaí Straitéiseacha Réigiúnacha (TSRanna)/ Ráitis Straitéise na SRSEanna mar aon lena n-athróga socheacnamaíocha agus comhshaoil cuí agus déanfar é a chatagóiriú i gceithre phríomhphrionsabal: Ár nDaoine agus ár nÁiteanna, Ár dTodhchaí Ghlas agus Inbhuanaithe, Geilleagar ár Réigiún, agus Peirspictíocht Uile-Oileáin.<br>• Choimisiúnaigh na 3 Thionól Réigiúnacha AIRO leis an "tAtlas Náisiúnta Daonáirimh" a ullmhú in 2024, amharcóir idirghníomhach léarscála a léiríonn torthaí sonracha ó Daonáireamh 2022 ag leibhéal tíreolaíoch a bhaineann le Ceantair Bheaga.<br>• Ceapadh comhairleoirí don Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) don Athbhreithniú ar an SRSE atá le teacht. Tá sé beartaithe táscairí a fhorbairt le haghaidh Monatóireacht MST le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Láir Tíre (TROLT) agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (TRTI) mar chuid dá bpróisis athbhreithnithe. |
| Uimh. Tasc **4** | **Comhoibriú idir na Ceantair Chathrach: Corcaigh; Luimneach-an tSionainn; Port Láirge; agus Gaillimh.**<br><br>CBR ábhartha 6: Comhoibriú idir na Ceantair Chathrach. | D'éascaigh an fhoireann Pleanála Réigiúnaí idirphlé idir na 3 Cheantar Cathrach, Corcaigh, Luimneach-an tSionainn agus Port Láirge sa Réigiún, ag díriú ar na saincheisteanna praiticiúla lena n-áirítear cruinnithe idir foireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus Údaráis Áitiúla chun tacú le cur chun feidhme an Bhonneagair Ghlais Ghoirm (BGG) agus Réiteach Dúlrabhunaithe (RDB). Tá an obair sin nasctha leis an bhFóram Réigiúnach Dúlra níos leithne a sholáthraíonn ardán chun dea-chleachtas agus eolas sa réimse sin a roinnt. |
| Uimh. Tasc **5-15** | **Cinntiú go ndéanfar Clár Athraithe an SRSE a chorprú sa Phróiseas um Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PEÁP).** | D'oibrigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt leis na húdaráis áitiúla ar fad sa Réigiún mar chuid dá bpróisis PÁEP, mar a cheanglaítear faoi Alt 66 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil. Ag deireadh 2024 foilsíodh Ráiteas Leanúnachais idir PÁEPanna agus an SRSE do na húdaráis áitiúla ar fad sa réigiún seachas Ciarraí. Tá machnamh le déanamh ar PÁEP Chiarraí ag cruinniú de chuid an Tionóil i R1 2025. |

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. Tasc **16** | **Plean Gníomhaíochta don Réigiún Foghlama a chur i bhfeidhm.** | Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl le páirtithe leasmhara lena n-áirítear HEIanna agus DFHERIS maidir leis an gCóras Treasach Aontaithe a fhorbairt. Ghlac Tionól Réigiúnach an Deiscirt páirt freisin i Líonra uile-oileánda Chathracha Foghlama na hÉireann. |
| Uimh. Tasc **17** | **Port Láirge a bhunú mar Chathair Foghlama UNESCO.**<br><br>CBRanna ábhartha 39: Deiseanna Eacnamaíochta agus Rogha dár Saoránaigh uile; 63 Scileanna agus Tallann; 186 Foghlaim ar Feadh an tSaoil; 187 Oideachas agus Oiliúint; 190 Tionscnaimh um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil agus Cathracha Sláintiúla; agus MASP PO 23 Phort Láirge: Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Scileanna. | I ndiaidh iarratas in 2023 faoi stiúir Thionól Réigiúnach an Deiscirt, Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), baineadh amach an tasc seo go rathúil nuair a rinneadh Cathair Foghlama ainmnithe UNESCO de Phort Láirge go luath in 2024. Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, SETU agus páirtithe leasmhara eile maidir le clár do Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil agus gníomhaíocht ghaolmhar a sholáthar i bPort Láirge. |
| Uimh. Tasc **18** | **Straitéis Chumarsáide Thionól Réigiúnach an Deiscirt a chur i bhfeidhm.**<br><br>CBR Ábhartha 73: Brandáil Idirnáisiúnta an Réigiúin agus Clú. | Déantar cuntais meán sóisialta agus suíomh gréasáin Thionól Réigiúnach an Deiscirt a nuashonrú go leanúnach maidir le himeachtaí a tharlaíonn agus ar ábhair atá ábhartha sa réigiún. Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt i mbun suíomh gréasáin nua a fhorbairt faoi láthair, ar a soláthrófar faisnéis ar bhealach níos inrochtana. Seoladh tairseach brandála nua in 2023 freisin. |
| Uimh. Tasc **19** | **Plean Gníomhaíochta um Réigiún Cliste an Deiscirt a fhorbairt.**<br><br>CBR ábhartha 134: Cathracha Cliste agus Réigiún Cliste. | Tá tionscnamh um Réigiún Cliste an Deiscirt (RCD) á chur chun cinn ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt, ag cur lena sheoladh an 18 Eanáir 2023. Áirítear leis na forbairtí: cur chuige réigiúnach a fhorbairt do Speisialtóireacht Chliste (S3), uirlis mhapála tionscadail Réigiúin Chliste an Deiscirt i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara, Plean Cliste Gníomhaíochta Réigiún an Deiscirt a fhorbairt, agus chun Líonra Réigiúin Chliste an Deiscirt a bhunú. Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ag féachaint freisin ar bhealaí féideartha maoinithe AE agus náisiúnta do shainseirbhísí chun oibriú leis an Tionól ar na gníomhartha seo. Ainmníodh Tionól Réigiúnach an Deiscirt mar Ghleann Réigiúnach Nuálaíochta i Meitheamh 2024 mar chuid de Clár Nua Nuálaíochta na hEorpa (CNNE) ag Coimisiún na hEorpa. |
| Uimh. Tasc **20** | **Straitéis Lastais Réigiúnach a fhorbairt.**<br><br>CBR ábhartha 141: Straitéis Lastais Réigiúnach. | Ceanglaítear le Gníomhaíocht 24 de Straitéis Tarlaithe Bóthair na hÉireann 2022-2031 go dtreoródh na Tionóil Réigiúnacha, leis an NTA, forbairt maidir le Straitéisí Lasta ar an Leibhéal Réigiúnach i gcomhar le páirtithe leasmhara, i gcomhréir le spriocanna na SRSEnna. Ceanglaítear le Gníomhaíocht 23 freisin go n-ullmhófar straitéisí lasta ar an leibhéal cathrach do Chorcaigh, Luimneach-an tSionainn agus Port Láirge. Tá treochlár ullmhaithe ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt maidir le forbairt na straitéise seo i gcomhairle leis an NTA. Cuirfear tús leis an bpróiseas in 2025 nuair a chríochnófar an Straitéis Náisiúnta um Bainistíocht Éilimh agus feabhsuithe maidir le sonraí trí Ghníomhaíocht 02, 03 agus 06 den Straitéis Tarlaithe Bóthair. Tá sé socraithe go mbeidh sé curtha i gcrích faoi R3/R4 2026. |

| | | |
|---|---|---|
| **Uimh. Tasc 21** | **Straitéis Calafort agus Cuanta a fhorbairt do Réigiún an Deiscirt.**<br><br>CBR ábhartha 145: Straitéis Calafort agus Cuanta do Réigiún an Deiscirt. | Tar éis Cairt Tionscadail a chur i gcrích lena leagtar amach scóip agus spriocanna na hoibre sin, leanfaidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt le comhordú a dhéanamh leis an Roinn Iompair agus ag oibriú le páirtithe leasmhara iompair, comhlachtaí calafoirt, na hÚdaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara eile chun Straitéis Calafort agus Cuanta do Réigiún an Deiscirt a ullmhú in 2024. Fuarthas sainsheirbhísí taighde ag tús 2024 d'fhonn an tábhacht a léiriú a bhaineann leis an tionchair socheacnamaíoch agus cumas fáis sa todhchaí maidir le gníomhaíochtaí cuanta agus calafort agus a bhfiontar gaolmhara agus slabhraí soláthair do gheilleagar an Réigiúin (mar shócmhainní aonair agus comhshócmhainní réigiúnacha), na deiseanna atá ann do thodhchaí carbóin níos ísle agus ról na gcalafort maidir le forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú. Cuirfear ar fáil leis an anailís seo freisin bonn fianaise d'fhonn ról tábhachtach ár gcalafort agus ár gcuanta amach anseo a chur in iúl chun forbairt chothrom eacnamaíochta réigiúnach a bhaint amach. Cuirfear an obair seo isteach san athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta na gCalafort atá dírithe lena ghlacadh i R1 2025 agus ar phleananna straitéiseacha eile do cheantair chósta agus mhuirí ár Réigiúin. Cuireadh aighneacht isteach d'athbhreithniú Bheartas Náisiúnta na gCalafort ar son Pháipéar na gCeisteanna i mí Eanáir 2024. |
| **Uimh. Tasc 22** | **Straitéis Aerfoirt a bhunú do Réigiún an Deiscirt.**<br><br>CBR ábhartha 149: Straitéis Aerfoirt do Réigiún an Deiscirt. | Tar éis Cairt Tionscadail a chur i gcrích a leagann amach scóip agus spriocanna na hoibre seo, leanfaidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar aghaidh le comhordú a dhéanamh leis an Roinn Iompair agus ag dul i dteagmháil le lucht iompair, aerfoirt, Údaráis Áitiúla, agus páirtithe leasmhara eile chun Straitéis Aerfoirt do Réigiún an Deiscirt a ullmhú in 2024-2025. Mar chuid den obair seo, tá sé ar intinn ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt sainseirbhísí taighde a fháil d'fhonn a léiriú an tábhacht a bhaineann le tionchar eacnamaíochta bonneagair aerfoirt agus seirbhísí gaolmhara, fiontar agus slabhraí soláthair do gheilleagar an réigiúin (mar shócmhainní aonair agus comhshócmhainní réigiúnacha), na deiseanna atá ann do thodhchaí carbóin níos ísle don earnáil agus ról ár sócmhainní aerfoirt chun forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach. Cuirfear an obair seo isteach in athbhreithniú amach anseo ar an mbeartas náisiúnta eitlíochta atá beartaithe le tosú in 2025. |
| **Uimh. Tasc 23** | **Soghluaisteacht Inbhuanaithe.**<br><br>CBRanna ábhartha 151-174: agus CBR 176 maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, nascacht réigiúnach fheabhsaithe agus sochaí ísealcharbóin inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh aeráide de. | Áirítear ar an dul chun cinn maidir le Straitéis Iompair an SRSE agus an Plean um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe Náisiúnta (SIN):<br>• Rannpháirtíocht i bhFhoireann Ceannaireachta SMP, Foireann Seachadta SMP agus san údarás bainistíochta don Tionscadal Náisiúnta um Threo-Aimsitheoir 30, an Clár um Dlús a chur le Soghluaisteacht Inbhuanaithe i ngach ceann de na trí réigiún chun dearadh agus cur chun feidhme tionscadal um shoghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe a éascú agus leibhéil níos airde d'athrú iompraíochta agus aistrithe córa iompair chun astaíochtaí carbóin ón earnáil iompair a laghdú. Is ceannasaí cláir é Tionól Réigiúnach an Deiscirt thar ceann na Roinne Iompair agus trí Thionól Réigiúnacha chun an tionscadal 3-Bliana seo a chur i gcrích. Lainseáladh an Clár in 2023. Tharla cruinnithe ráithiúla le páirtithe leasmhara Rian a hAon (Údaráis Áitiúla) i gcaitheamh na bliana 2024. Beidh oiliúint ar siúl do pháirtithe leasmhara Rian a Dó (Comhairleoirí) i R2 2025. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Tacaíocht leanúnach le haghaidh forbairt acmhainní agus gníomhartha chun cathracha, bailte agus comharsanachtaí 10–15 nóiméad a chur i bhfeidhm, ag cur le foilsiú na Tuarascála Modheolaíochta agus Creat Baile 10 Nóiméad de chuid Thionól Réigiúnach an Deiscirt.<br>• Ullmhú agus cur chun feidhme Straitéisí Iompair Uirbigh (CMATS, LSMATS agus WMATS), Pleananna Iompair Áitiúil agus Pleananna um Shoghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe.<br>• Plé a dhéanamh le DoT/NTA maidir le Bainistíocht Éilimh agus aighneacht a dhéanamh go comhairliúchán tosaigh Bhainistíocht Éilimh trí cheistneoir. |
| Uimh. Tasc **24** | **Bonneagar Gorm Glas (BGG) agus Réitigh Dhúlrabhunaithe (RDB) a chur chun feidhme le haghaidh seachadadh bonneagair.**<br><br>CBR ábhartha 124: Bonneagar Glas. | Tá rannpháirtíocht leanúnach leis na hÚdaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí eile chun BGG agus RDB a chur chun cinn lena n-áirítear oibriú le ESPON agus Ollscoil Mhá Nuad ar chomhsheimineár i mí na Nollag 2023. Tionóltar cruinnithe leanúnacha den Fhóram Réigiúnach Dúlra a sholáthraíonn struchtúr tacaíochta d'Údaráis Áitiúla, do ghníomhaireachtaí agus do chleachtóirí eile a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm praiticiúil BGG agus RDB agus feidhmíonn siad mar fhóram chun saincheisteanna/bacainní coiteanna a phlé agus chun eolas a roinnt. Leanann an tasc seo le hobair thionscadal Chathracha Gorma Glasa INTERREG EUROPE. |
| Uimh. Tasc **25** | **Treochlár um Straitéis Réigiúnach Leictreachais In-athnuaite a fhorbairt.**<br><br>CBR ábhartha 98: Straitéis Réigiúnach Fuinnimh In-athnuaite. | Mar aon leis an dá Thionól Réigiúnacha eile, ghlac an fhoireann Pleanála Réigiúnaí páirt i gcruinnithe comhairliúcháin mar aon le SEAI agus Ranna Rialtais (RCAC agus RTRÁO) maidir le forbairt ar Threochlár maidir le Straitéisí Réigiúnacha Leictreachais In-athnuaite (SRLI) a ullmhú ag gach Tionól Réigiúnach. Is gníomh é an tasc sin de chuid Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais agus Cuspóir Beartais Náisiúnta (CBN) sa Chéad Dréacht den CNP Athbhreithnithe. |
| Uimh. Tasc **26** | **Dícharbónú Réigiúnach.**<br><br>CBR ábhartha 90: Dícharbónú Réigiúnach. | Tá taighde ar Chríocha agus ar Gheilleagar Ísealcharbóin déanta mar chuid de Thionscadal ESPON Locateagus soláthrófar leis taighde cúlra úsáideach chun Plean um Dhícharbónú Réigiúnach a ullmhú. Tá Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt (GFID) ag tabhairt faoi roinnt réamhoibre freisin do Phlean um Dhícharbónú Réigiúnach (PDR) mar chuid de 1ú Tionscadal Interreg REGIO. |
| Uimh. Tasc **27** | **Gníomhú ar son na hAeráide a Chomhordú le hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO).**<br><br>CBRanna ábhartha: 87 Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin; 88 Plean Náisiúnta um Maolú agus Creat Náisiúnta um Oiriúnú; 89 Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide a Fhorbairt; agus 90: Dícharbónú Réigiúnach. | Leanann an Fhoireann Pleanála Réigiúnaí le páirt a ghlacadh i gcruinnithe ráithiúla an Ghrúpa Stiúrtha le Bord Farraige Theas CARO an Deiscirt, ar cheisteanna a bhaineann leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil. |

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. Tasc **28** | **Scóip agus ról na Straitéise Réigiúnaí Tírdhreacha don Réigiún a shainaithint.**<br><br>CBR ábhartha 129: Tírdhreach. | Tá moill curtha ar an dul chun cinn maidir leis an tasc sin go dtí go bhforbrófar an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha. |
| Uimh. Tasc **29** | **Tacú le forbairt na Conaire Thoir agus tacaíocht leanúnach do thionscnamh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh.**<br><br>CBRanna ábhartha 41: Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh agus 42: An Chonair Thoir. | Tá sonraí maidir le cur chun feidhme Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh leagtha amach i gCaibidil 4 Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach. Tar éis réamhthaighde a rinneadh ar an gConair Thoir in 2023, oibríodh le comhaltaí tofa de chuid Thionól Réigiúnach an Deiscirt ó Loch Garman agus bhí cruinniú ann leis an bhFeidhmeannach ag Comhairle Contae Loch Garman. Tá tuilleadh rannpháirtíochta ar siúl le Comhairle Contae Loch Garman agus le páirtithe leasmhara eile. Forbraíodh rannpháirtíocht shuntasach leis an bpróiseas seo tríd an tionscadal FutureECOS. |
| Uimh. Tasc **30** | **Acmhainn a fhorbairt agus cumas tairisceana na n-údarás áitiúil, gníomhaireachtaí rialtais agus páirtithe leasmhara réigiúnacha a neartú.**<br><br>CBR ábhartha 70: Acmhainn Tairisceana. | Tá cur chun feidhme maidir leis sin á dhéanamh ar bhonn leanúnach trí aighneachtaí maidir leis na Pleananna Forbartha, forbairt ceardlann, rannpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla agus Líonra CCE. |
| Uimh. Tasc **31** | **Pleanáil Spásúlachta Mhuirí.**<br><br>CBRanna ábhartha 76: Geilleagar Muirí; 77 Pleanáil Spásúlachta Mhuirí – Comhsheasmhacht agus Ailíniú; agus 78: Ceannródaí faoin gCreat Náisiúnta Pleanála Muirí. | Táthar ag leanúint le comhordú a dhéanamh leis an RCAC - Rannóg um Beartas agus Reachtaíocht Mhuirí maidir le róil réigiúnacha i bpróisis de chuid an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe (DMAPS) amach anseo. Ghlac Tionól Réigiúnach an Deiscirt rannpháirt le páirtithe leasmhara i bhforbairt an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe (DMAP) don Chósta Theas (Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta) chomh maith le hullmhú Ráiteas Beartais an Chreata Todhchaígh um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta. |
| Uimh. Tasc **32** | **Pleananna Fiontar Réigiúnacha.**<br><br>Ráiteas Straitéise Réigiúnaí Ábhartha: 5 Geilleagar Láidir. | Leanann Tionól Réigiúnach an Deiscirt le páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme na bPleananna Fiontair Réigiúnacha, lena n-áirítear ról ceannaire gníomhaíochta agus comhpháirtí gníomhaíochta a ghlacadh chun cuidiú le grúpaí téamacha oibre a thionólfar chun REPanna an Iardheiscirt, an Oirdheiscirt, an Iarthair Láir a chur chun feidhme de réir mar is gá. Bíonn rannpháirtíocht ar choistí stiúrtha cur chun feidhme agus líonrú leis na trí Bhainisteoirí Cláir REP ar siúl freisin. |
| Uimh. Tasc **33** | **Bithgheilleagar a fhorbairt trí Thionscadal ROBIN.**<br><br>CBRanna ábhartha 57: Ráiteas Beartais Náisiúnta um Bithgheilleagar; agus 58 Bithgheilleagar agus Ceantair Thuaithe. | Faoi stiúir Rannán Chláir an Aontais Eorpaigh, tá an fhoireann Pleanála Réigiúnaí páirteach i soláthar leanúnach an tionscadail ROBIN, a bhfuil sé mar aidhm leis cumhacht a thabhairt do réigiúin na hEorpa a múnlaí agus a struchtúir rialachais a oiriúnú ar bhealaí lena gcuirfear dlús le baint amach a gcuid spriocanna bithgheilleagair chiorclaigh agus nuálaíocht shóisialta á cur chun cinn agus cuntas á thabhairt ar chomhthéacsanna éagsúla teorann. Leis an tionscadal, forbraíodh Gníomhaíochtaí Tacaíochta ROBIN do Rialachas Bithgheilleagair agus tá Uirlis Phleanála um Chaomhnú Comhshaoil de chuid Uirlisí ROBIN á tástáil leis anois. |

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. Tasc **34** | **Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt i gComhfhorbairt Áite a fhorbairt; agus Lonnaíochtaí Inbhuanaithe agus Dlútha.**<br><br>CBRanna ábhartha 31: Creat Áiteanna Inbhuanaithe; 34 Forbairt Athghiniúna, Athfhorbraíochta agus Inlíonta; agus 35 Tacaíocht le haghaidh Dlúthfháis. | D'ullmhaigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt aighneachtaí mar chuid den chomhairliúchán le haghaidh Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus Dlúth-Lonnaíochtaí - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (RTRÁO, 2024). Pléadh rannpháirtíocht bhreise a d'fhéadfadh a bheith leis an Roinn, chun an dea-chleachtas maidir le dearadh agus comhfhorbairt áite a chur chun cinn agus chun cuidiú leis na húdaráis áitiúla sa réimse sin. Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ina chomhpháirtí freisin i dtionscadal Interreg Europe dar teideal PROXIMITIES, lena gcuirfear chun cinn an coincheap maidir le comhfhorbairt áite mhaith agus an cur chuige maidir le dlúthfhás i suíomhanna imeallacha na 3 Chathair sa Réigiún – Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge. Tharla Cuairt Staidéir go Regio Emilia na hIodáile le linn 2024, an príomhpháirtí leis an tionscadal. |

## Ionadaíocht ar an dearcadh réigiúnach agus rannpháirtíocht i bpróisis/ fóraim ábhartha leanúnacha AE, náisiúnta agus réigiúnacha cur chun feidhme beartais lena n-áirítear:

| |
|---|
| GOSNÚÁ – Grúpa Oiliúna Sheirbhísí Náisiúnta na nÚdarás Áitiúla – Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt forbairt ar mhodúl na dTionól Réigiúnach a bhaineann leis an gcúrsa nua náisiúnta ar an oiliúint phleanála, ar son na dtrí thionól. |
| An Roinn Iompair – Beartas um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe – Grúpa Ceannaireachta. |
| Bord Thionscadal Éireann 2040. |
| An Fóram Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide. |
| An Fóram Náisiúnta um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta. |
| Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce de chuid Uisce Éireann agus Pleananna Réigiúnacha um Acmhainní Uisce. |
| Pleananna Fiontar Réigiúnacha; Rannpháirtíocht an Ghrúpa Stiúrtha do Phleananna Fiontair Réigiúnacha an Iardheiscirt, an Iarthair Láir, an Oirdheiscirt. |
| Fóram Scileanna Réigiúnacha (Iardheisceart, Iarthar Láir, Oirdheisceart). |
| Foireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre (MRTT). |
| Tús Áite do Lár an Bhaile. |
| Grúpa stiúrtha - Straitéis Bainistíochta um Athrú Cósta. |
| Grúpa Comhairleach an PÁEP. |
| Grúpa Stiúrtha um Pleanáil don Athrú Aeráide. |
| Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh. |
| Comhairliúchán agus comhordú leis an Roinn Iompair, BIÉ agus NTA chun Straitéis Iompair RSES a chur chun feidhme lena n-áirítear ullmhú agus cur chun feidhme Straitéisí Iompair Uirbigh (CMATS, LSMATS agus WMATS) agus Pleananna Iompair Áitiúil. |
| Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin - an Roinn Iompair. |
| Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Lastais Iarnróid le hIarnród Éireann. |
| An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí – comhairliúchán le Rannóg Beartais Pleanála Mhuirí RTRÁO. |
| Rannpháirtíocht, taighde agus oiliúint trí Fhóram OPR. |
| Taighde acadúil le COBÁC (faoi Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta na Comhairle um Thaighde in Éirinn) ar Comhionannas Réigiúnach a Bhaint Amach – Dinimic Uirbeach Tuaithe i Réigiún an Deiscirt in Éirinn Beartas Líonra Iompair Tras-Eorpach (TEN-T) an AE. |
| Fóram Iompair Idirnáisiúnta (ITF). |
| Plean Gníomhaithe ón Aire maidir le Coiste Stiúrtha na nAcmhainní Pleanála. |

| | |
|---|---|
| Grúpa Náisiúnta Scáthánaithe do Chathracha Misin. |
| Grúpa Stiúrtha na Zón Dícharbónaithe. |
| Coiste Pleanála Mara Fhoras Pleanála na hÉireann (IPI). |

## Aighneachtaí a Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt in 2024

- Athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta na bPort – aighneacht 15.01.2024.
- Bogadh Le Chéile: Cur Chuige Straitéiseach maidir le Feabhas a Chur ar Éifeachtúlacht Chóras Iompair na hÉireann – Aighneacht mar cheistneoir 21.08.2024.
- Dréacht de Chomhairliúchán Straitéiseach Fuíolluisce Chorcaí – 23.07.2024.
- Tuarascáil Thionól Réigiúnach an Deiscirt PÁEP do Chontae Chorcaí, Ráiteas Thionól Réigiúnach an Deiscirt, Ráiteas Leanúnachais Thionól Réigiúnach an Deiscirt.
- Tuarascáil Thionól Réigiúnach an Deiscirt PÁEP do Chontae an Chláir, Ráiteas Thionól Réigiúnach an Deiscirt, Ráiteas Leanúnachais Thionól Réigiúnach an Deiscirt.
- Ráiteas Beartais maidir le Creat don Todhchaí ORE - 19.02.2024.
- Freagairt ar Dhréacht DMAP an Chósta Theas 14-06-24.
- Aighneacht Thionól Réigiúnach an Deiscirt ar an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 27.06.2024.
- Dréacht de Phlean Straitéiseach Sheirbhísí Uisce 2050.
- Máistirphlean Chiorcal Gorm Glas Luimnigh.
- Aighneacht Deiridh JULAP Cheatharlach na Gráige 2.2.20 24 eagrán LS.
- Dréacht-Aighneacht ar Athruithe Ábhartha Phlean Comhcheantair Uirbeach Áitiúil Cheatharlach na Gráige le Dáileadh ar Bhaill.
- Plean Cheantair Áitiúil Phort an Chalaidh-Belview 2025 - Aighneacht Thionól Réigiúnach an Deiscirt 12.07.2024.
- Dréacht de Chéad Athbhreithniú d'Athbhreithniú NPF.

Is féidir teacht ar aighneachtaí sa chuid Acmhainní agus Foilseacháin de shuíomh gréasáin Thionól Réigiúnach an Deiscirt.



Fotheideal: Claire Breen, Kevin Lynch, Kevin Twomey ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt ag Cruinniú Straitéiseach Pleanála Ceantair, Luimneach.



# Cláir Réigiúnacha CFRE

# Cláir Réigiúnacha CFRE

## Forléargas

**Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an tÚdarás Bainistíochta do Chlár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir & Lár na Tíre 2021-27 agus Clár Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir 2014-20. Tá an dá chlár cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Tá sé mar aidhm ag CFRE comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an AE a neartú trí mhíchothromaíochtaí idir réigiúin a cheartú.**

## Clár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár na Tíre 2021 – 2027

Déanann an Clár infheistíocht de €663 milliún (€265 milliún ERDF, €398 milliún go náisiúnta) i dtaighde agus nuálaíocht, éifeachtúlacht fuinnimh, agus athnuachan inbhuanaithe uirbeach. I gcomhpháirt leis an gCoimisiún Eorpach, Ballstát, Comhlachtaí Idirmheánacha, agus páirtithe leasmhara eile, rinne an Tionól forbairt ar ocht scéim le cuspóirí an Chláir a chur i bhfeidhm.

| Tosaíocht Straitéiseach | Scéimeanna |
|---|---|
| Ag Forbairt Níos Cliste Níos Mó Réigiúin Iomaíocha | ARC Hub, Technology Gateways, Innovators Initiative, KT Boost, Smart Regions, TU RISE |
| Réigiúin Níos Glaise, Níos Tíosaí ar Fhuinneamh a Chruthú agus Aistriú Cóir | Tithe Níos Teo |
| Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe | THRIVE - Scéim Athbheochana Oidhreachta Lár an Bhaile ar dTús |

**Mol ARC:** Faoi cheannasaíocht Taighde Éireann, tacaíonn an scéim seo le cruthú dhá mhol réigiúnacha a bhogfaidh ar aghaidh tráchtálú taighde agus nuálaíocht réigiúnach. Roghnaíodh na moil sin in 2024 agus seolfar iad in 2025. Aithnítear laistigh den Chlár an dá Mhol ARC faoi scéim na Mol ARC ina n-Oibríochtaí a mbaineann Tábhacht Straitéiseach agus tagann siad le Straitéis Speisialtóireachta Cliste na hÉireann.

Is é Fiontraíocht Éireann an Comhlacht Idirmheánach do na ceithre scéim:

**Tairseacha Teicneolaíochta:** Ag aimsiú pearsanra tacaíochta in Ollscoileanna Teicneolaíochta (OTanna) agus Institiúidí Teicneolaíochta (ITanna) a mbaineann a gcuid ról le feabhas a chur ar an rannpháirtíocht leis an tionscal áitiúil agus tacú leis. Feidhmíonn an 16 Tairseach, atá cómhaoinithe lena gcuid saineolais ar leith, mar dhroichead idir an tionscal agus sainghrúpa taighde a dhéanfaidh an obair theicniúil do chomhlacht na gcliant.

**Tionscnamh na Nuálaithe:** Ag cothú an chéad ghlúin eile d'fhiontraithe agus ceannasaithe nuálaíochta trí fhoghlaim tumthach, tiomnaithe atá treoraithe ag na riachtanais, agus seoladh trí chlár de chuid Tionscnamh na Nuálaithe in 2024 – Cyber-Innovate, DigiBio (sláinte dhigiteach) agus FAST-IP (teicneolaíocht talmhaíochta). Díríonn gach clár go láidir ar dheiseanna an mhargaidh le modheolaíochtaí bunaithe ar an dearadh-smaoineamh agus tréimhse tumtha do na rannpháirtithe sna heagraíochtaí i gcroílár an aicsin san earnáil ábhartha.



Ronan O'Brien, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, agus Mark Whelan, Fiontraíocht Éireann




Karen Coughlan, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, Simon Coveney, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Teresa Hooks, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus Marina Donohoe, Fiontraíocht Éireann, agus Seoladh KT Boost, Nollaig 2024

**KT Boost:** Tacair scileanna a sholáthar a thacóidh le méadú i dtorthaí thaighde tráchtála laistigh d'earnáil an ardoideachais ar fud na réimse cláir chomh maith le caighdeán leanúnach oibríochtaí a fhorbairt ar fud an Chórais Aistrithe Eolais. Leanfaidh na róil speisialtóra seo ar aghaidh le hacmhainní nua a fhorbairt le béim a leagan ar imeachtaí aistrithe eolais agus teicneolaíochta lena n-áirítear Bainistíocht IP agus ceadúnú féideartha, agus an seach-chruthú. Agus 11 tairbhí ann, cinntíonn an scéim go bhfuil sé de chumas ag earnáil ardoideachais na hÉireann an taighde a thráchtálú go héifeachtach.

**Réigiúin Chliste:** Tá sé mar aidhm ag an Scéim Réigiúin Chliste (Nuálaíocht Fiontair) méadú eacnamaíoch a luasghéarú ar fud gach réigiún le haird faoi leith ar an bhforbairt fiontair. Tacaíonn sí le forbairt sheirbhísí nuálacha trí bhonneagar áitiúil, cnuasaigh nuálaíochta, Seirbhísí do FBManna agus féidearthacht luath agus an taighde a chur faoi réir. Beidh bunú bhonneagar comhaimseartha nuálaíochta mar thoradh air seo, chomh maith le háiseanna taighde, eagraíochtaí a bhfuil sé de shuim acu an t-eolas a scaipeadh, agus cnuasaigh nuálaíochta. Bronnadh maoiniú ar 15 tionscadal ag deireadh 2024. Tá an glao maoinithe fós oscailte.

**TU RISE:** Cuireann sé le taighde agus an cumas nuálach i OTanna agus in ITanna, ag cothú na comhoibre le fiontair réigiúnacha agus ag brú spriocanna straitéiseach náisiúnta agus réigiúnacha chun tosaigh. Is é an tÚdarás um Ard-Oideachas an Comhlacht Idirmheánach agus tá 6 institiúid ard-oideachais ag glacadh le maoiniú: Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne.




An tOllamh Veronica Campbell, Uachtarán SETU, ag seoladh SETU TU RISE

**Tithe Níos Teo:** Cuireann sé uasghráduithe tí ar fáil d'úinéirí-áititheoirí atá i mbaol na bochtaineachta breoslaí, ag cur feabhais ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus dálaí maireachtála tríd an scéim Tithe Níos Teo de chuid an SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann).




Daoine ag freastal ar 'Building the Future', Ócáid Tógála Cumais de chuid Thionscnamh Uirbeach na hEorpa d'Iarrthóirí agus Tairbhithe THRIVE, Luimneach, Samhain 2024

**THRIVE -** Scéim Athbheochana Oidhreachta Lár an Bhaile ar dTús: Tacaíonn sé le athbheochan fhoirgnimh fholmha agus tréigthe oidhreachta agus lár bhailte sna príomhbhailte, lárionaid straitéiseacha fáis, agus cathracha, ag cothú pobal atá bríomhar agus inbhuanaithe. Bronnadh maoiniú ar 15 tionscadal i Snáithe 1 agus ar cheithre thionscadal i Snáithe 2 in 2024. Bronnfar babhta eile maoinithe in 2025. Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta comh-dhearadh ar THRIVE agus tagann sí le luachanna agus prionsabail Lár an Bhaile ar dTús agus Bauhaus Nua Eorpach. Déanann Tionól Réigiúnach an Deiscirt bainistíocht ar an scéim agus tá maoiniú 100% ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla.

**Clár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014 – 2020**
Tháinig deireadh le gníomhaíochtaí maoinithe faoi Chlár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20 in 2023 nuair a cuireadh na tionscadail deiridh i gcrích. Díríodh in 2024 ar na héilimh dheiridh a phróiseáil ó údaráis áitiúla faoi Scéim Deontais na Lárionad Ainmnithe Uirbeacha, scéim a thacaíonn le hobair mheasúnaithe an Choimisiúin, agus tús a chur le himeachtaí dhúnadh an chláir.

Rinne an Clár cómhaoiniú ar ghníomhaíochtaí faoi shé réimse tosaíochta: Neartú Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuálaíocht, Iomaíochas FBM, Geilleagar Íseal-charbóin, Freagairt Coróinvíris, Forbairt Inbhuanaithe Uirbeach agus Tacaíocht Theicniúil (tacaíochtaí bainistíochta cláir).



# Cláir Mhaoinithe AE

# Cláir Mhaoinithe AE

## Forléargas

**Cuireann Cláir Mhaoinithe na hEorpa, atá tacaithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), cómhaoiniú ar fáil do roinnt clár de chuid Interreg ina bhfuil comhpháirtithe Éireannacha i dteideal maoiniú a fháil do thionscadail faoin tréimhse chláreagraithe 2021-2027. Ina measc seo tá:**

- Interreg Iarthuaisceart na hEorpa
- Interreg An Forimeall Thuaidh & Artach
- Interreg Limistéar an Atlantaigh
- Interreg na hEorpa
- Urban Innovative Actions and URBACT
- ESPON
- Peace Plus trasteorann

In 2024, bhí baint ghníomhach ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt i monatóireacht agus soláthar Chlár Maoinithe na hEorpa in Éirinn.

| Clár | Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt |
|---|---|
| Interreg Iarthuaisceart na hEorpa | Ionadaí Ballstáit ar Choiste Monatóireachta na gClár<br><br>Pointe Teagmhála in Éirinn<br><br>Iniúchadh Rialaithe Céad Leibhéal Ainmnithe do chomhpháirtithe Éireannacha |
| Interreg An Forimeall Thuaidh & Artach | Iniúchadh Rialaithe Céad Leibhéal Ainmnithe do chomhpháirtithe Éireannacha i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir |
| Interreg na hEorpa | Pointe Teagmhála i réigiún an Deiscirt & an Oirthir Iniúchadh Rialaithe Céad Leibhéal Ainmnithe do chomhpháirtithe Éireannacha i réigiún an Deiscirt & an Oirthir |
| URBACT | Iniúchadh Rialaithe Céad Leibhéal Ainmnithe do chomhpháirtithe Éireannacha i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir |
| ESPON | Ionadaí ar Choiste Monatóireachta na gClár |

## Rialú Céadleibhéil (RCL)

Is éard atá i gceist le Rialú Céadleibhéil (RCL) seiceálacha nó iniúchtaí ar chaiteachas tionscadail le linn cur i bhfeidhm an tionscadail sula gcuirtear éileamh íocaíochta isteach. Bailíochtaíonn foireann RCL an Tionóil éilimh chaiteachais do cheithre chlár CCE - Iarthuaisceart na hEorpa, An Forimeall Thuaidh agus Artach, Interreg na hEorpa agus URBACT. Tá sé mar dhualgas ar gach Ballstát córas rialaithe a bhunú ina thír féin.
Deimhníonn agus bailíochtaíonn foireann RCL caiteachas tabhaithe ag comhpháirtí/príomhpháirtí tionscadail le cinntiú go gcomhlíontar rialacha ábhartha AE, náisiúnta, réigiúnacha, institiúideacha agus cláir chomh maith le forálacha an chonartha fóirdheontais agus na foirme iarratais cheadaithe. Tugann na rialuithe seo ráthaíocht don Údarás Bainistíochta, don Údarás Deimhniúcháin agus, níos tábhachtaí fós, don tionscadal féin, go dtugtar cuntas ar chostais a chómhaoinítear faoi Chláir atá maoinithe ag an CCE agus go bhfuil siad incháilithe.

Roimhe seo, chlúdaigh RCL 100% de chaiteachas tionscadal uile a cláraíodh, ach bhunaigh Interreg modheolaíocht samplála riosca-bhunaithe don tréimhse cláraithe 2021 go 2027 a chuirfear i bhfeidhm de réir an chritéir a leagann Coimisiún na hEorpa amach.

Ní dhéanfaidh na rialtóirí seiceáil uathoibríoch ar 100% den chaiteachas a chláróidh

comhpháirtithe an tionscadail ach seans go gcinnteoidh siad seiceáil a dhéanamh ar 100% má aimsítear earráidí sa sampla roghnaithe.

**Tá dhá chineál seiceála bailíochtaithe sa chóras RCL:**

1. Seiceálacha riaracháin deasc-bhunaithe ag baint leasa as an modheolaíocht samplála riosca-bhunaithe ar chaiteachas arna dhearbhú in éilimh íocaíochta.
2. Seiceálacha ar an toirt a tharlaíonn in oifig chomhpháirtí an tionscadail a dhéanfar ar bhonn samplála (seiceáil a dhéanamh ar shampla den chaiteachas ceadaithe ar fad i gcaitheamh an tionscadail).

## Nuashonrú Gníomhaíochta 2024

Le linn 2024, rinne foireann RCL an Tionóil iniúchadh agus bailíochtú ar 131 éileamh tionscadail arbh fhiú €3,695,692.07 iad d'eagraíochtaí Éireannacha a bhí rannpháirteach mar chomhpháirtithe tionscadail agus comhpháirtithe ceannasaíochta ar na ceithre chlár an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh.

Rinne Rialtóirí an Aonaid RCL freastal ar líon seimineár gréasáin ar líne le linn na bliana. Is iad seo a leanas na sonraí,

- Rialtóirí Náisiúnta – Seimineár Gréasáin Tacaíochta a d'eagraigh URBACT agus a tharla ar Déardaoin 25 Eanáir 2024.
- Seimineár Gréasáin Rialtóireachta de chuid Interreg NWE a d'eagraigh Iarthuaisceart na hEorpa ar Dé Céadaoin 7 Feabhra 2024.
- Seimineár Gréasáin Tuarascálacha de chuid NWE do Thionscadail ar Mhionscála, a d'eagraigh Iarthuaisceart na hEorpa agus a tharla Dé Máirt 21 Bealtaine 2024.
- Seimineár Gréasáin Tuarascálacha de chuid NWE do Thionscadail Cheadaithe, a d'eagraigh Iarthuaisceart na hEorpa agus a tharla 23 Bealtaine 2024.
- D'fhreastail Rialtóir ón aonad RCL, Michael Buckley ar chruinniú líonra APN URBACT Ireland Dé Céadaoin 21 Feabhra 2024 ag Óstán Absolute, Meal Sior Anraí, Cathair Luimnigh. Rinneadh cur i láthair ag an gcruinniú líonra ar RCL lena n-áirítear riachtanais an chláir URBACT chomh maith leis na rialacha ginearálta incháilitheachta.
- D'fhreastail Rialtóir ón aonad RCL, Elayne McDonnell ar an seisiún oiliúna náisiúnta rialtóirí i gCóbanhávan, an Danmhairg, ar Déardaoin 25 Meán Fómhair 2024. D'eagraigh Rúnaíocht Chlár an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh (NPA) an cheardlann seo.
- D'fhreastail Rialtóir ón aonad RCL, Michael Buckley ar an dara lá d'Ócáid Bhliantúil NWE i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath ar 6 Samhain 2024. Bhuail an Rialtóir le roinnt comhpháirtithe tionscadail le plé a dhéanamh ar cheisteanna éagsúla a bhaineann leis an Rialú Céadleibhéil.

Eagraíodh na himeachtaí éagsúla atá leagtha amach thuas chun faisnéis ar cheanglais an Chláir 21-27 (córas RCL, seiceálacha ar an toirt, soláthar, modheolaíocht samplála agus roghanna costais simplithe) a scaipeadh ar na Rialtóirí a bheidh ag bailíochtú éilimh chaiteachais do cheithre chlár CCE - Iarthuaisceart na hEorpa, an Forimeall Thuaidh agus an tArtach, Interreg Europe agus URBACT le linn na tréimhse cláreagraithe 21-27.

Le linn 2024, leanamar orainn leis an acmhainn nua ar líne ar RCL a uasdátú ar shuíomh gréasáin an Tionóil le faisnéis maidir le hiniúchadh agus treoir clár-shonrach do chomhpháirtithe tionscadail, lena n-áirítear treoracha clár don tréimhse cláir nua 2021 – 2027.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Rialú Céadleibhéil: seol ríomhphost chuig FLC@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.southernassembly.ie/first-level-control.



# Líonra Maoinithe na hEorpa

# Líonra Maoinithe na hEorpa

## Forléargas

**Is fóram comhoibríoch é Líonra Maoinithe na hEorpa d'aon duine atá ag obair nó a bhfuil suim acu a bheith ag obair i dTionscadail Chomhoibre Chríochacha Eorpacha (CCE) ar fud Réigiún an Deiscirt. Agus os cionn 300 ball ann, cothaíonn an líonra malartú eolais, piarfhoghlaim, agus comhpháirtíochtaí le tacú le forbairt inbhuanaithe réigiúnach.**

Áirítear le tairbhí na mball:

- Nuashonruithe míosúla ar chláir AE agus ar dheiseanna maoinithe
- Ócáidí ar líne agus pearsanta i gcaitheamh na bliana
- Seisiún tógála cumais a athraíonn de réir riachtanais na mball
- Deiseanna Údaráis Áitiúla, Institiúidí Ardoideachais, FBManna, agus an tSochaí Shibhialta a nascadh
- Líonrú agus comhoibriú spriocdhírithe

Glacann baill páirt i réimse leathan clár lena n-áirítear Interreg (an Eoraip, Iarthuaisceart na hEorpa, Limistéar an Atlantaigh, An Forimeall Thuaidh agus an tArtach, URBACT, ESPON), chomh maith le tionscnaimh eile atá maoinithe ag an AE amhail Fís Eorpach, Erasmus+, An Eoraip Ildánach, LIFE agus Aistriú Cóir.

Éascaíonn Tionól Réigiúnach an Deiscirt Líonra an ETC, agus múnlaíonn agus tiomnaíonn na baill é.

## Seimineár Gréasáin Eolais ar Ghlao 3 d'Éirinn de chuid Interreg Europe

In Aibreán na bliana 2024, rinne Líonra CCE Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus Líonra Maoinithe AE Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair comheagrú ar Sheimineár Gréasáin Eolais ar Ghlao 3 d'Éirinn de chuid Interreg Europe i gcomhpháirt le Comhrúnaíocht Interreg Europe. Feidhmíonn an dá Thionól ina bPointí Teagmhála Náisiúnta do Interreg Europe agus bhí siad ina gcomhóstaigh ar an seisiún ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do pháirtithe leasmhara as Éirinn a chuir isteach ar an Tríú Glao de chuid an Chláir d'iarratais tionscadail, a tharla ón 20 Márta go dtí an 7 Meitheamh 2024. Rinne Áine Whelan (Tionól Réigiúnach an Deiscirt) modhnóireacht ar an ócáid in éineacht le Travis O'Doherty (Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair).

Chuir an seimineár gréasáin treoir phraiticiúil ar fáil maidir le próiseas na n-iarratas, seirbhísí tacaíochta atá ar fáil, agus deiseanna don chomhoibriú idir-réigiúnach. Fuair muintir na hócáide léargas luachmhar ó José Manuel San Emeterio Pérez (ERNACT) agus Ronan Gingles (Comhairle Chathair Chorcaí), a roinn a gcuid taithí i dtionscadail Interreg Europe a sholáthar. Bhí an-suim ag údaráis áitiúla san ócáid chomh maith le hinstitiúidí ardoideachais, agus an tsochaí sibhialta, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann leis an gcomhoibriú tras-réigiúnach don déanamh níos fearr beartais.




Áine Whelan, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, ag Seimineár Gréasáin Eolais ar Ghlao 3 de chuid Interreg Europe

## Seimineár Gréasáin Líonra CCE – Forléargas ar URBACT agus Tionscnamh Uirbeach na hEorpa leis an Dr. Karl Murphy

I Meán Fómhair na bliana 2024, reáchtáil Líonra CCE seimineár gréasáin leis an Dr. Karl Murphy, Oifigeach Gnóthaí Eorpacha ag Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre agus Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann don Tionscnamh Uirbeach Eorpach (EUI) agus URBACT.
Arna mhodhnú ag Áine Whelan (Tionól Réigiúnach an Deiscirt), bhí forléargas sa seisiún maidir leis an dá chlár agus léirigh sé deiseanna a bheidh ag teacht aníos dóibh siúd atá ag obair le nó sna hÚdaráis Áitiúla i Réigiún an Deiscirt. Tugadh isteach EUI mar phríomhuirlis a chabhróidh le cathracha réitigh uirbeacha a bhaineann leis an AE a thástáil agus a mhéadú. Leag sé béim ar an Tríú Glao do Ghníomhaíochtaí Nuálaíochta, atá oscailte ón 6 Bealtaine go 14 Deireadh Fómhair 2024, agus

tá suas le €5 milliún i maoiniú CFRE ar fáil do gach tionscadal faoi théamaí an fhuinnimh, an aistrithe agus na teicneolaíochta sna cathracha. Rinne an seimineár gréasáin plé gairid ar an tacaíocht tógála cumais, meicníochtaí maoinithe, agus na hacmhainní atá ar fáil d'údaráis uirbeacha idir EUI agus URBACT.

## Seóthaispeántas Access Europe 2024 – Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath

I Samhain na bliana 2024, rinne Líonra CCE ionadaíocht go bródúil ag Seóthaispeántas Access Europe 2024 i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Agus í eagraithe mar chuid de Access Europe, clár tacaíochta agus tógála cumais d'eagraíochtaí sochaí sibhialta Éireannacha soláthraithe ag The Wheel, bhí mórthaispeántas san ócáid seo de Phointí Náisiúnta Teagmhála in Éirinn a bhaineann le cláir mhaoinithe AE.

Rinne an Tionól taispeántas ar na deiseanna a bhaineann le Interreg Europe agus Interreg North-West Europe, agus chuir siad ról Líonra CCE chun cinn maidir leis an gcomhoibriú a chothú ar fud Réigiún an Deiscirt.

Bhí deis luachmhar san ócáid d'eagraíochtaí sochaí sibhialta breathnú ar na deiseanna maoinithe AE, plé a dhéanamh leis na Pointí Náisiúnta Teagmhála, agus nasc a dhéanamh le páirtithe leasmhara na hearnála.

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Líonra CCE:**
Áine Whelan, Oifigeach Tionscadal an AE:
awhelan@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.southernassembly.ie/eu-programmes/eu-funding-network/




Sarah Davoren agus Áine Whelan, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, ag Seóthaispeántas Access Europe 2024 i bPáirc an Chrócaigh.

# Interrea VB: Comhar Trasnáisiúnta

Interreg Co-funded by the European Union

North-West Europe

Cothaíonn Clár Iarthuaisceart na hEorpa Interreg (NWE) comhar trasnáisiúnta chun Iarthuaisceart na hEorpa a dhéanamh ina príomhghníomhaí eacnamaíoch agus ina áit tharraingteach le hoibriú ann agus le maireachtáil ann, le leibhéil arda nuálaíochta, inbhuanaitheachta agus comhtháthaithe. Tacaíonn Interreg NWE le comhar thar theorainneacha i seacht dtír (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír, agus an Eilvéis). Caithfidh comhpháirtithe ó ar a laghad trí thír éagsúla a bheith páirteach i dtionscadail agus cur chuige comhpháirteach a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le saincheisteanna coitianta. Is é an aidhm atá leis na héagothromaíochtaí i measc na réigiún a laghdú agus an leibhéal foriomlán feidhmíochta a ardú ar fud an limistéir ar fad.

## Fócas téamach 2021-2027

I gcáipéis chlár Interreg Iarthuaisceart na hEorpa leagtar amach na cúig thosaíocht do chlár 2021-2027 chun díriú orthu: Aeráid agus Comhshaol, Aistriú Fuinnimh, Geilleagar Ciorclach, Nuálaíocht agus Athléimneacht, agus Sochaí Uilechuimsitheach.

## Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus clár Interreg Iarthuaisceart na hEorpa

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ina óstach ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta do Interreg Iarthuaisceart na hEorpa in Éirinn agus tá suíochán aige ar an gCoiste Monatóireachta in éineacht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre.




Labhraíonn Ardmhéara Dan Boyle ag cruinniú Choiste Monatóireachta de chuid Interreg Iarthuaisceart na hEorpa, Ballstát na hÉireann ina óstach, Corcaigh, Nollaig 2024.

Bhí uachtaránacht chlár Interreg Iarthuaisceart na hEorpa ag Éirinn in 2024, agus tionóladh cruinnithe uile an Choiste Monatóireachta (MC) i Luimneach agus i gCorcaigh i mí Bealtaine agus i mí na Nollag faoi seach.

## Maoiniú a dámhadh in 2024

Glacadh le 25 tionscadal as Glao 4 Céim 2 tar éis chruinniú an Choiste Monatóireachta i gCorcaigh i mí Nollag na bliana 2024. Clúdaíonn na tionscadail raon leathan ábhar ó fhuinneamh in-athnuaite, rochtain ar an margadh saothair, digitiú na bithéagsúlachta go teicneolaíocht le haghaidh forbairt déantúsaíochta sna réigiúin, agus le hionchur AE os cionn €97 milliún ar fud na 7 dtír. Le linn 2024, chuir tionscadail ón tréimhse mhaoinithe 2014-2020 a gcuid gníomhaíochtaí chun críche agus dúnadh iad ón gcaiteachas. Seoladh Glao 5 i Meitheamh 2024 agus ba é Eanáir 2025 an spriocdháta.





Toscaireacht na hÉireann ag an gCoiste Monatóireachta, agus Ballstát na hÉireann ina óstach i Luimneach, Bealtaine 2024.

## Feidhmíocht na hÉireann i nGlaonna 1-4 de chuid Interreg NWE

D'fheidhmigh comhpháirtithe Éireannacha go han-mhaith sna ceithre ghlao ar mhaoiniú de chuid Interreg Iarthuaisceart na hEorpa ó 2021 i leith. In 2024 amháin, dáileadh os cionn €19 milliún d'infheistíocht Ghlao 4 ar réigiúin na hÉireann mar gheall ar rath na n-eagraíochtaí Éireannacha sna tionscadail – mar chomhpháirtithe tionscadail nó mar Chomhpháirtithe Ceannasaíochta. As 25 tionscadal a ceadaíodh, bhí comhpháirtithe Éireannacha ag 19 acu (76%), bhí 3 thionscadal agus ceannas Éireannach orthu maidir leis Athrú Aeráide agus oiriúnú dríodar na n-aibhneacha, Tacú le FBManna oiriúnú a dhéanamh don éifeachtúlacht fuinnimh, agus Córais na Laonna Déirí don bhainistíocht féarthalún níos fearr; OTM i gceannas, Gníomhaireacht Fuinneamh an Oirdheiscirt agus Teagasc faoi seach.

| Réigiún | Infheistíocht iomlán sa réigiún | Cistí AE | |
|---|---|---|---|
| An Deisceart | €15,180,886 | €9,108,532 | 38% |
| An tOirthear agus an Lár na Tíre | €16,401,303 | €9,809,319 | 41% |
| An Tuaisceart agus an tIarthar | €8,261,727 | €4,857,127 | 21% |
| **Iomlán** | **€39,843,916** | **€23,774,978** | **100%** |

**Tábla 1: Infheistíocht Interreg de réir réigiúin**




**Tábla 2: Tionscadail faofa Interreg NWE le comhpháirtithe Éireannacha**

## Ardú céime agus tacaíocht d'iarratasóirí tionscadail

Leanadh le gníomhaíochtaí chun Glaonna oscailte 4 agus 5 a chur chun cinn le linn 2024, agus an Pointe Teagmhála Náisiúnta mar chainteoir dírithe ar lucht féachana níos leithne a bhaint amach agus é mar chuspóir rannpháirtíocht mhéadaithe na gcomhpháirtithe Éireannacha, lena n-áirítear iad siúd ó Réigiún an Deiscirt. Tharla an Ócáid Bhliantúil i bPáirc an Chrócaigh i Samhain na bliana 2024, áit a roinn 300 rannpháirtí smaointí a gcuid tionscadal, ar ullmhaigh siad do Ghlao 5 agus inar chuir siad le todhchaí an Bheartais Chomhtháite mar pháirtithe leasmhara.



David Kelly, Stiúrthóir ag Ócáid Bhliantúil Interreg Iarthuaisceart na hEorpa, Páirc an Chrócaigh, Samhain 2024

**Tuilleadh Eolais ar Interreg NWE in Éirinn**
Sarah Davoren, Pointe Teagmhála Náisiúnta: sdavoren@southernassembly.ie
Rialú Airgeadais: flc@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.nweurope.eu

Interreg Atlantic Area — Co-funded by the European Union

Tá sé mar aidhm ag clár Limistéar an Atlantaigh Limistéar Atlantach níos rathúla, níos inbhuanaithe agus níos nasctha a fhorbairt. Agus é ina limistéar muirí, tá Straitéis an Atlantaigh a foilsíodh i mí Iúil na bliana 2020 (Plean Gníomhaíochta um an Atlantach 2.0) tugtha faoi deara i ndearadh an Chláir. Tacaíonn Limistéar Interreg an Atlantaigh 2021-2027 le comhoibriú trasnáisiúnta i réigiúin an Atlantaigh i gceithre thír: An Phortaingéil, an Spáinn, an Fhrainc agus Éire.

Is ionann buiséad an chláir do 2021-2027 agus €113 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Is ionann an ráta cómhaoinithe do thionscadail atá ceadaithe agus suas le 75% den infheistíocht iomlán.

Tá ceithre Ais Tosaíochta i gclár Limistéar an Atlantaigh agus na cuspóirí a bhaineann leis; ní mór do thionscadail teacht faoi na catagóirí seo má tá siad le bheith i gceist:

**Tosaíocht 1:** Nuálaíocht agus iomaíochas gorm

**Tosaíocht 2:** Timpeallacht ghorm/ghlas

**Tosaíocht 3:** Turasóireacht & cultúr gorm inbhuanaithe agus sóisialta

**Tosaíocht 4:** Rialachas níos fearr le haghaidh comhair sa Limistéar Atlantach

Níor ceadaíodh aon tionscadal nua in 2024. In 2024, bhí 2 Chruinniú den Choiste Monatóireachta Cláir ann.

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise:**
Pointe Teagmhála Náisiúnta: todoherty@nwra.ie
Rialú Céadleibhéil: flc@nwra.ie
Suíomh Gréasáin: https://www.atlanticarea.eu/

Interreg Co-funded by the European Union

Northern Periphery and Arctic

Cuireann Clár an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh creat ar fáil do réigiúin chun oibriú le chéile le béim ar fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i bpobail iargúlta agus tearc-dhaonra.

Clúdaíonn limistéar an Chláir Tuaisceart na Fionlainne, Iarthar na hÉireann, Tuaisceart na Sualainne, na hOileáin Fharó, an Ghraonlainn, an Íoslainn, agus codanna Thuaisceart na hIorua. Spreagann an Clár comhar éifeachtach, chun forbairt bunaithe ar áit a uasmhéadú, tógann sé ar na láidreachtaí laistigh de phobail tearc-dhaonra, agus chun teacht ar réitigh nuálacha chun tacú le naisc isteach i margaí níos mó agus i limistéir níos mó daonra. Is iad na contaetha incháilithe in Éirinn: Dún na nGall, Liatroim, an Cabhán, Muineachán, Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh, an Clár, Luimneach, Tiobraid Árann, Ciarraí agus Corcaigh.

Is é príomhbhéim thionscadail Interreg NPA an fhoghlaim trasnáisiúnta idir comhpháirtithe tionscadail. Cuirfear rátaí maoinithe deontais suas le 65% ar fáil. Tugann Clár NPA Interreg aghaidh ar na dúshláin agus na deiseanna i réimse an chláir trí 3 Thosaíocht:

**Tosaíocht 1:** An acmhainn nuálaíochta a neartú do phobail NPA atá athléimneach agus tarraingteach.

**Tosaíocht 2:** Neartú na hacmhainne le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide, agus leorgacht acmhainní i bpobail NPA.

**Tosaíocht 3:** Cumas eagraíochtúil i measc phobail NPA a neartú chun leas a bhaint as deiseanna comhoibrithe.

Suíonn Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar Ghrúpa Comhairleach Réigiúnach an Chláir agus is é an Rialú Céad Leibhéal ainmnithe do gach éileamh íocaíochta ó chomhpháirtithe atá lonnaithe sa réigiún.

In 2024, ceadaíodh 25 phríomhthionscadal ar an iomlán, le méid iomlán maoinithe de bheagán os cionn €14 milliún faoi Chlár CFRE 2021-2027.

In 2024, tionóladh dhá chruinniú de Choiste Monatóireachta an Chláir agus dhá chruinniú den Ghrúpa Breithmheasa Réigiúnach.

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise:**
Pointe Teagmhála Náisiúnta: todoherty@nwra.ie
Rialú Céadleibhéil: flc@southernassembly.ie / flc@nwra.ie
Suíomh Gréasáin: www.interreg-npa.eu

Interreg Europe

European Union | European Regional Development Fund

Is clár comhair idir-réigiúnach é Interreg Europe, arna chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Féachann an tAontas Eorpach le héagsúlachtaí a laghdú i leibhéil na forbartha, an fháis agus na cáilíochta beatha i réigiúin na hEorpa agus trasna orthu. Cuireann an clár seo leis an gcuspóir seo trí chuidiú le rialtais réigiúnacha agus áitiúla ar fud na hEorpa beartas níos fearr a fhorbairt agus a sheachadadh agus beidh sé ar siúl ó 2021 go 2027. Tá sé tiomanta do chumas, ag forbairt trí mhalartú taithí agus dea-chleachtas i ngach tosaíocht de chuid beartais comhtháthaithe an AE trí:

- Tionscadail comhair idir-réigiúnaigh
- Seirbhísí Ardán Foghlama Beartais

Cuireann na tionscadail agus an tArdán le gach tosaíocht de chuid beartais comhtháthaithe an AE:

SMART | GREEN | CONNECTED | SOCIAL | CITIZENS | GOVERNANCE

Seoladh Glao 1 sa bhliain 2022, nuair a fuarthas 134 iarratas agus ceadaíodh 72 iarratas, lena n-áirítear 36 eagraíocht Éireannach a raibh baint acu le 27 tionscadal. Seoladh Glao 2 i Márta na bliana 2023 agus d'fhaomh an Coiste Monatóireachta 78 iarratas arís le rannpháirtíocht an-mhaith as Éirinn, le 34 eagraíocht ag glacadh páirt i 25 tionscadal.

Seoladh an tríú agus an Glao oscailte deiridh in 2024 agus d'fhaomh an Coiste Monatóireachta 112 tionscadal ag cruinniú a bhí acu i mí na Nollag, agus bhí baint ag 17 Eagraíocht Éireannacha le 21 tionscadal.

Beidh glaoch eile d'oibríochtaí píolótacha in 2025.

**Pointe Teagmhála Réigiúnach do réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir:**
David Kelly: dkelly@southernassembly.ie
Rialú Céadleibhéil: flc@southernassembly.ie / info@nwra.ie
Suíomh Gréasáin: www.interregeurope.eu/

## URBACT IV

Is clár Eorpach é URBACT a chuireann forbairt chomhtháite inbhuanaithe uirbeach chun cinn i gcathracha agus i mbailte ar fud na hEorpa. Labhróidh URBACT IV leis an gCuspóir Áirithe INTERREG (ISO 1): rialachas comhoibrithe níos fearr trí chumas institiúideach na n-údarás poiblí agus páirtithe leasmhara a fheabhsú chun straitéisí críche uirbeacha a chur i bhfeidhm. Iarrann an Clár cumas gach páirtí leasmhar a fheabhsú (mar ghníomhairí athraithe) chun beartais, cleachtais agus nuálaíochtaí forbartha uirbeacha, inbhuanaithe a dhearadh agus a chur chun cinn ar bhealaí atá comhtháite, rannpháirtíoch agus bunaithe ar áit.

Seoladh cineál nua tionscadail go luath in 2024 – Líonraí Aistrithe Nuálaíochta (LAN), comhoibriú idir URBACT agus Tionscnamh Uirbeach an hEorpa (EUI). Éagsúil de bheagán le APNanna agus TNanna, déanann LANanna príomhaschur de Plean saincheaptha Infheistíochta agus Leanúnachais do gach ceann de cheantair na gcomhpháirtithe. Gnéithe tábhachtacha eile de URBACT ná an bhéim a leagtar ar rannpháirtíocht agus ar an imeascadh, rud a fheictear san áitiú ó Ghrúpaí Áitiúla URBACHT (ULGanna) do gach comhpháirtí tionscadail, rud a thugann le chéile na páirtithe leasmhara is ábhartha i ngach ceantar, agus is fearr aithne orthu ón mbéim téamach atá ag an tionscadal.

Maidir leis na comhpháirtithe tionscadail atá gníomhach faoi láthair, tá seacht gcomhpháirtí tionscadail ag glacadh páirte in APNanna ó shé údarás áitiúil Éireannach. Thosaigh na tionscadail seo i Meitheamh 2023 agus áirítear leo Inis (an Clár), Baile Brigín (Fine Gall), Cathair Luimnigh (1 agus 2), Baile Uí Mhatháin (an Longfort), an Uaimh (an Mhí) agus Baile Shligigh. Déanann Fine Gall ceannasaíocht ar a líonra “EcoCore”, an chéad uair go bhfuil ceannasaíocht ag údarás áitiúil Éireannach ar thionscadal URBACT. Tar éis an ghlao do LANanna, thosaigh dhá chomhpháirtí Éireannacha eile amach le URBACT i Meán Fómhair 2024: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (WISH CITIES) agus Ceantar Gnó Áth an Ghainimh (ReCUP).

I nDeireadh Fómhair 2024, bronnadh lipéad Dea-Chleachtas URBACT ar thrí údarás áitiúla as Éirinn: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Chathair Chorcaí. Tugadh cuireadh d’údaráis áitiúla ón Eoraip cleachtais, beartais agus tionscadail éifeachtacha a chur isteach atá curtha i bhfeidhm go rathúil acu ina gceantar áitiúil. Déanfaidh gach ceann den 116 Dea-Chleachtas deimhnithe mórthaispeántas ar a gcuid tionscadal ag Féile Cathrach URBACT in Aibreán 2025 i Wroclaw na Polainne.

Tharla Seisiún Eolais de chuid URBACT-EUI na hÉireann ag Teach Custaim, Baile Átha Cliath i mí Eanáir 2024. Tharla seoladh ghlao na Líonraí Aistrithe Nuálaíochta (LAN) aige seo. Tharla an dara seisiún eolais ar líne i mí Aibreáin, a dhírigh ar an nglao do Dhea-Chleachtas URBACT. Rinneadh taispeántas ar URBACT go rialta ar fud na tíre, lena n-áirítear ag Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (TRTI), ag Comhdháil AIR in Áth Dara, ag cruinniú Líonra Oifigeach Athbheochana an Bhaile in Áth Luain, chomh maith le mar chuid den Chomhdháil ar Thodhchaí Bhailte agus Chathracha na hÉireann, líonra CCE Thionól Réigiúnach an Deiscirt ar líne, chomh maith le taispeántas a bheith déanta mar chuid de Thaispeántas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath le linn ócáide a bhain le Beartas Thodhchaí na hAontachta.

Tharla teacht le chéile idir comhpháirtithe gníomhacha líonra URBACT in Éirinn, i Luimneach freisin. Bhí nuashonruithe tionscadail i gceist leis an ócáid, seisiún oiliúna le FLC Michael Buckley agus cuairteanna suímh.



Daoine ag freastal ar Champas Náisiúnta Urbact, Baile Brigín

Tharla Campas Náisiúnta i mBaile Brigín a dhírigh ar chéimeanna chur i bhfeidhm agus maoinithe na Líonraí Pleanála Gníomhaithe atá gníomhach faoi láthair. Chuir an ócáid oiliúint ar fáil trí úsáid a bhaint as acmhainní URBACT le cabhrú le comhpháirtithe a bPleananna Gnímh a chur i bhfeidhm agus a mhaoiniú amach anseo. Bhí seisiúin eile ann "buail leis na maoinitheoirí" (ceann ar ghlac Tionól Réigiúnach an Deiscirt páirt ann), agus bhí Ceardlann Fresk Aeráide ar siúl i seisiún eile le linn na hócáide a mhair dhá lá.

Le linn 2024, bhí dhá chomhpháirtí URBACT APN Éireannacha (Inis agus Luimneach) ina n-óstaigh ar chuairt ón líonra iomlán trasnáisiúnta ina gceantair i mí Aibreáin agus i mí an Mheithimh, faoi seach. Ghlac an Pointe Teagmhála páirt freisin i gcruinnithe Ghrúpaí Áitiúla URBACT a bhain le trí Chomhpháirtí Tionscadail in Éirinn.

Le linn na bliana, tharla dhá chruinniú de chuid Choiste Monatóireachta an Chláir freisin: ceann i Ghent na Beilge i mí an Mheithimh agus ceann i Veszprém na hUngáire i mí Dheireadh Fómhair.

**Le haghaidh tuilleadh eolais:** Pointe Teagmhála Náisiúnta d'Éirinn Karl Murphy, Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre urbactireland@emra.ie/kmurphy@emra.ie

ESPON Co-funded by the European Union Interreg

## ESPON 2030

Tagann taighde le chéile le beartas, ag cinntiú go ndéantar eolas do bheartas atá bunaithe ar fhianaise, le clár nua EPSON 2030, atá ar siúl don tréimhse 2021-2027. Baintear é seo amach trí anailísí críche, sonraí agus léarscáileanna a chur ar fáil do:

- Beartais forbartha an AE a thacú - agus go háirithe an Beartas Comhtháthaithe - le fíricí agus fianaise.
- Cabhrú le húdaráis phoiblí a réigiún no a gcathair a thagarmharcáil, dúshláin agus féidearthachtaí nua a aithint agus tionchar a imirt ar bheartais forbartha rathúla don todhchaí.

Glacann gach ceann de 27 ballstát an AE agus ceithre stát comhpháirtí (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis) páirt i gclár EPSON agus cuireann siad lena chomh-mhaoiniú.
Mar atá le gach clár maoinithe an AE, tá EPSON bainistithe ag Údarás Bainistíochta, agus is ionann é sin agus an Aireacht Fuinnimh agus Pleanála Spásúlachta de chuid Lucsamburg. Is é Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad an Pointe Teagmhála Náisiúnta do chlár EPSON 2030, agus suíonn Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar an gCoiste Monatóireachta Cláir. Cuirtear an clár i bhfeidhm ag GECC (Grúpáil Eorpach an Chomhair Chríochaigh) EPSON. Is struchtúr é seo atá cruthaithe i gcomhpháirt ag Lucsamburg le chéile le trí réigiún na Beilge Flóndras, an Vallúin agus Príomhchathair na Bruiséile. Le linn na bliana 2024, chruinnigh Coiste Monatóireachta EPSON faoi [x] agus é i gceist ag an Údarás Bainistíochta agus GECC cur i bhfeidhm an chláir a bhogadh ar aghaidh, agus chruinnigh na Pointí Teagmhála Náisiúnta faoi dhó chun a chur chun cinn agus a scaipeadh a mheas.
Is é buiséad iomlán EPSON don tréimhse chláreagraithe 2021-2027 ná €60m, agus as sin, is é 80% (€48m) ranníocaíocht an AE agus is ionann ranníocaíocht na 27 ballstát agus 20% (€12m). Chomh maith leis sin, faigheann Clár EPSON 2030 tacaíocht de €1.685m ó na ceithre Stát is Comhpháirtithe (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis). Cruthaíonn EPSON fianaise agus saineolas le fócas críche. Déantar é seo ar thrí phríomhbhealach: (1) Cláir Taighde na hEorpa, (2) Cláir Anailíse Dhírithe, agus (3) Anailís ar Éileamh. Forbraíonn EPSON staidéir bunaithe ar riachtanais údaráis phoiblí na hEorpa ag gach leibhéal. Is féidir le haon údarás áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, chomh maith le hinstitiúid AE a bheith mar pháirtí leasmhar EPSON.

Is é príomh-nuálaíocht Clár EPSON 2030 ná cur chuige níos straitéisí a ghlacadh maidir le fiosrúchán a dhéanamh ar dhúshláin críche trí Phleananna Gníomhaíochta Téamacha (PGTanna). Go dtí seo, tá 8 PGT i bhfeidhm, ó Chríocha atá Neodrach ó Thaobh na hAeráide de go Rialachas Tíreolaíochtaí Nua agus Ceangal Cliste le Maireachtáil, Obair agus Taisteal thar Teorainneacha.

Chonacthas le linn na bliana seo caite gach gné de chlár EPSON 2030 curtha i bhfeidhm. Áiríodh leis seo:

- An ceadú leanúnach de thionscadail Taighde Eorpacha, agus aschuir tosaigh uathu siúd a ceadaíodh in 2023 (réimse ó pháipéir eolais, ailt nuachtáin, srl.).
- Dhá ghlao oscailte faoi Anailís Dhírithe.
- Foilsiú thrí eagrán d'Iris EPSON, TerritoriALL; ag díriú ar Ná gabh aon

talamh a thuilleadh: tá tábhacht leis an gcré! (Feabhra), Ag Cinntiú Seirbhísí ar Ard-Chaighdeán: dearcadh críochach (Iúil) ina raibh díriú ar threochtaí oibre ó chian lena n-áirítear Líonra Mol Nasctha Náisiúnta na hÉireann, agus Pobail a Chumhachtú (Samhain);

- Óstáil ar dhá sheimineár idirnáisiúnta - Gan aon chonaire tógála talún san Eoraip a tharla i Meitheamh in Mons na Beilge, agus Cinntiú sheirbhísí ar ard-chaighdeán do gach duine agus gach áit a tharla i Samhain i mBúdaipeist na hUngáire; agus
- Foilsiú páipéir beartais, tuarascálacha eolaíocha agus cás-staidéir ar ábhair ar nós ról bhailte beaga agus meánmhéide agus cathracha sa bhforbairt chríochach, cumasú chathracha beaga agus meánmhéide ar mhaithe leis an bhforbairt chothrom chríochach, nuálaíocht digiteach sa rialú agus soláthar na seirbhísí poiblí, soláthar na seirbhísí a bhfuil suim ghinearálta iontu i gceantair atá ag titim agus i gceantair a bhfuil riachtanais speisialta iontu agus i gceantair fheidhmiúla uirbeacha – gach ceann ar fáil ó Leabharlann ESPON.


Le linn 2024, rinne ESPON Éireann óstáil ar ócáid amháin ar líne, agus í dírithe ar Aibíocht Dhigiteach a Thomhas i Rialtas Áitiúil agus Réigiúnach: Tacaíochtaí ó ESPON. Ar an 5 Nollaig, chuir an ócáid leathlae seo na daoine a d'fhreastail uirthi ar an eolas faoi uirlis mheasúnaithe aibíochta digití de chuid ESPON LORDIMAS agus taithí roinnt údarás áitiúil as Éirinn leis an uirlis a chur i bhfeidhm chun aibíocht dhigiteach a thomhas. Cuireann Measúnú Aibíochta Digití bonnlíne d'údaráis áitiúla (agus réigiúnacha) maidir leis an áit ina bhfuil siad leis an aistriú digiteach ag am faoi leith agus aithnítear na deiseanna atá ann ag bogadh ar aghaidh. Is uirlis saor in aisce agus idirghníomhach é ESPON LORDIMAS, forbartha i gcomhpháirt le líon gníomhaireachtaí lena n-áirítear Living-inEU, agus tugann sí cumhacht do rialtais áitiúla agus réigiúnacha ar fud na hEorpa le measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn digiteach atá déanta acu, comhroinnt oscailte faisnéise a chothú agus rialachas níos éifeachtaí a chur chun cinn. Tá sé seo feiliúnach le foilsiú Straitéis Digiteach agus TFC do rialtas áitiúil na hÉireann i mí Iúil 2024, dar teideal Rialtas Digiteach Áitiúil: Ag obair ar son gach duine, Straitéis Dhigiteach agus TFC Rialtas Áitiúil na hÉireann 2030. Aithníonn an straitéis seo, a thagann go mór leis An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha, an ról atá ag an teicneolaíocht agus an digitiú, atá ag fás i gcónaí, i soláthar na seirbhísí ag leibhéal an rialtais áitiúil – rud a bhainfidh amach, go hidéalach, soláthar níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos fearr ó thaobh ama de.

Tá pleanáil déanta ar thuilleadh ócáidí in 2025 sna réimsí téamacha de rialú cheantair nua, oiriúnú dúlra-bhunaithe don athrú aeráide agus maireachtáil, obair agus taisteal trasna teorainneacha.

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise:**
Is í Caroline Creamer Pointe Teagmhála Epson (ECP): Seoladh ríomhphoist: caroline.creamer@mu.ie
Suíomh Gréasáin: www.espon.eu
Ardán X: @ESPON_IE



Toscairí ag Seimineár ESPON, ag cinntiú seirbhísí ar ard-chaighdeán do gach duine agus gach áit, a reáchtáladh i mBúdaipeist ar 6-7 Samhain 2024.




# Tionscadail AE

## Tionscadail AE

TALENT4S3

**TALENT4S3** – Coinneáil agus tarraingt TALENT ar mhaithe le dáileadh níos fearr de Straitéisí Cliste Speisialtóireachta, a thugann críocha le chéile ar fud na hEorpa, lena n-áirítear Réigiún Theas na hÉireann le dul i ngleic le ceann de na dúshláin is suntasaí san Aontas Eorpach: imirce daoine oilte agus bánú réigiúnach. Trí fheabhsuithe áitiúla agus réigiúnacha beartais, tá sé mar sprioc áit a chothú ina roghnaíonn daoine cumasacha fanacht agus cur leis an ngeilleagar áitiúil seachas bogadh mar gheall ar easpa deiseanna.

FutureECOS

**FutureECOS** – Ag cinntiú go seasfaidh spásanna cónaithe an aimsir i réigiúin na conaire fáis- a thugann le chéile críocha ar fud na hEorpa lena n-áirítear Réigiún Theas na hÉireann, le hobair i dtreo réigiúin na conaire fáis ar fud na hEorpa a athrú go ceantair chónaithe atá inbhuanaithe, tarraingteach agus sofaisticiúil ó thaobh na teicneolaíochta de. Trí fheabhsuithe áitiúla agus réigiúnacha beartais, tá sé mar aidhm ag FutureECOS timpeallachtaí cónaithe a bhunú atá ullmhaithe do dhúshláin amach anseo chomh maith le caighdeán maireachtála na gcónaitheoirí a fheabhsú do gach cónaitheoir.

PROXIMITIES

**PROXIMITIES** – Ag cur seirbhísí inrochtana, spásanna maithe cónaithe agus naisc inbhuanaithe chun cinn. Is tionscadal de chuid Interreg Europe é seo a thugann comhpháirtithe le chéile ó naoi réigiún Eorpacha le cabhrú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ceantair imeallacha uirbeacha atá níos glaise, níos folláine, níos inrochtana agus níos feiliúnaí don chónaitheacht a chruthú.

Faoi stiúir Chathair Bhardais Reggio Emilia na hIodáile, tá sé mar aidhm ag an tionscadal beartais a fheabhsú a chuireann leis an inrochtaineacht, inchónaitheacht, agus inbhuanaitheacht sna críocha seo. Cothaíonn PROXIMITIES an comhoibriú, malartú eolais, agus roinnt dea-chleachtas le tacú le beartas poiblí níos fearr, agus tá sé ar siúl idir Aibreán 2024 agus Meitheamh 2028.

**Tús agus Sárthaispeántas PROXIMITIES**
I mí Bhealtaine 2024, tháinig Tionól Réigiúnach an Deiscirt le chéile le hocht gcomhpháirtí Eorpacha le tionscadal PROXIMITIES a sheoladh. Ag seoladh an tionscadail i Reggio Emilia na hIodáile, rinne comhpháirtithe plé ar na dúshláin agus uaillmhianta comhchoiteanna don fheabhsú beartais agus forbairt chríochach.

Le linn an chéad sárthaispeántais a bhain leis an tionscadal, chuir Tionól Réigiúnach an Deiscirt i láthair an coincheap “Baile 10 nóiméad”, a forbraíodh den chéad uair riamh trí thionscadal MATCH-UP Interreg Europe, agus é ina dhea-chleachtas leis an bpleanáil ghaireacht-bhunaithe a chur chun cinn. Thaispeáin an seisiún, a bhí faoi stiúir Lárionad Erasmus um Eacnamaíocht Uirbeach, Poirt agus Iompair, Uirlis Mheasúnaithe Ghaireacht na Tírdhreacha (UMGT) agus rinne sé iniúchadh ar an gcaoi gur féidir le cuir chuige atá gaireacht-bhunaithe pobail atá níos ionchuimsithí agus níos seasmhaí a mhúnlú.



Daoine a d’fhreastail ar Sárthaispeántas PROXIMITIES, Bealtaine 2024

**Céad Chruinniú Grúpa de Pháirtithe Leasmhara Réigiúnacha**
I Meán Fómhair na bliana 2024, bhí Tionól Réigiúnach an Deiscirt ina óstach ar an gcéad chruinniú Grúpa de Pháirtithe Leasmhara Réigiúnacha do thionscadal PROXIMITIES i gCathair Chorcaí. Cuireadh ar an eolas na príomhpháirtithe leasmhara maidir le

haidhmeanna an tionscadail le hinrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus inchónaitheacht a fheabhsú i gceantair imeallacha uirbeacha, agus chuir údaráis náisiúnta agus áitiúla leis, idir chomhlachtaí iompair, pleanála agus timpeallachta.

Bhí ceardlann sa seisiún bunaithe ar an Uirlis Mheasúnaithe Ghaireachta na Tírdhreacha (UMGT), a dhéanfaidh measúnú ar cheantair chás-staidéir i gCorcaigh, Luimneach agus Port Láirge. Thug cur i láthair ón Roinn Tithíochta an comhthéacs náisiúnta uaidh don fhorbairt inbhuanaithe chónaithe agus dlúthfhás.

**Déanann Tionól Réigiúnach an Deiscirt ionadaíocht ar PROXIMITIES ag Ceardlann Uirbeach-Tuaithe Eorpach Interreg**
Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt ionadaíocht bhródúil ar thionscadal PROXIMITIES ag ceardlann Ardán Foghlama Beartas Interreg Eorpach bunaithe ar naisc uirbeach-tuaithe, a tharla ar líne i Samhain 2024. Thug an ócáid le chéile lucht déanta beartais agus saineolaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar an bhforbairt chomhtháite chríochach agus comhoibriú níos treise idir ceantair uirbeacha agus tuaithe.

Eoin O'Connor, Pleanálaí Feidhmeannach ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt, a chuir i láthair an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE) do Réigiún an Deiscirt, a chuireann fás cothrom, inbhuanaithe chun cinn ar fud na gcríoch ar fad. Chuala rannpháirtithe cás-staidéir ar fud na hEorpa, agus roinn siad cuir chuige praiticiúla maidir leis an bpleanáil spásúil, soláthar seirbhísí agus forbairt faoi stiúir an phobail.

**Sonraí faoi Thionscadal PROXIMITIES Tugtha do Bhaill an Tionóil**
I mí Nollag na bliana 2024, cuireadh ar an eolas go foirmiúil baill Thionól Réigiúnach an Deiscirt faoi thionscadal PROXIMITIES le linn chruinniú na Nollag a bhí ag an Tionól. Tugadh eolas do bhaill faoin gcaoi a dtacaíonn an tionscadal le spriocanna pleanála réigiúnaí, go háirithe maidir leis an dlúthfhás agus ceantair imeallacha uirbeacha atá níos inbhuanaithe agus níos feiliúnaí don chónaí a chur chun cinn.

Bhí cuir i láthair sa seisiún ó Áine Whelan (Oifigeach na dTionscadal AE), Brigh Ryan (Oifigeach Pleanála Réigiúnaí), agus Kevin Twomey (Pleanálaí Feidhmeannach), a chlúdaigh cuspóirí an tionscadail, ailíniú beartais, agus ceantair chás-staidéir i gCorcaigh, Luimneach agus Port Láirge. D'fhoghlaim baill freisin faoi Uirlis Mheasúnaithe Ghaireacht na Tírdhreacha, a forbraíodh leis an Lárionad Erasmus um Eacnamaíocht Uirbeach, Poirt agus Iompair, rud a chabhróidh le hinrochtaineacht feabhsaithe agus caighdeán uirbeach i gceantair imeallacha. Tháinig deireadh leis an gcruinniú le plé ar fhéidearthachtaí PROXIMITIES bonn eolais a chur faoi bheartas agus comhoibriú réigiúnach a neartú.

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoi PROXIMITIES:**
Áine Whelan, Oifigeach Tionscadal an AE:
awhelan@southernassembly.ie
Suíomh Gréasáin: www.interregeurope.eu/proximities
Facebook: @ProximitiesProject
X @PROXIMITIES_IE
Instagram @proximities_interregeurope
LinkedIn @proximities-project
YouTube @PROXIMITIESProject

Ba thionscadal 18-mí é **SMCNetZero** de chuid Fís Eorpach a chríochnaigh i mí Dheireadh Fómhair 2024. Bhí sé mar aidhm ag an Tionscadal éiceachórais nuálaíochta áitiúla a chruthú agus a neartú i gCathracha Beaga agus Meánmhéide (CBManna) chun glan-nialas a bhaint amach trí iarrachtaí comhoibríocha na n-údarás áitiúil, FBManna, acadóirí, ENRanna agus infheisteoirí. Leis an bhfís sin a bhaint amach, bhí na príomhchuspóirí straitéiseacha seo a leanas ag SMCNetZero:

- Deiseanna a chruthú agus scaipeadh eolais agus malartú eolais a spreagadh ar na dea-chleachtais don dícharbónú do CBManna (agus FBManna mar thoradh air sin).
- Féidearthachtaí maidir le cur i bhfeidhm a mhéadú idir soláthraithe réiteach astaíochtaí glan-nialasacha agus údaráis phoiblí ó CBManna trí spás digiteach agus uirlisí a théann leis a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar don chomhoibriú, foghlaim agus líonrú.
- Ceannasaithe nuálaíochta a aithint agus a mhealladh ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha ó réigiúin "láidre" nuálaithe agus réigiúin "mheánacha" go "measartha" nuálaithe laistigh de thíortha fócais an tionscadail.




Comhpháirtithe thionscadal SMCNetZero i gCóbanhávan na Danmhairge, Aibreán 2024.

- Imeachtaí forbartha rannpháirtíochta agus eolais a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le rannpháirtíocht leathan a chinntiú i SMCNetZero le go n-uasmhéadaítear an tionchar.
- Dul i ngleic le tuiscint agus deacrachtaí an chur i bhfeidhm agus méadú a bhaineann le tionscadail nuálaíochta i CBManna.

Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt plé le húdaráis áitiúla sa réigiún le rannpháirt a ghlacadh i gclár forbartha cumais a d'eagraigh CBM NetZero don fhoireann ábhartha atá ag obair sna réimsí pleanála agus gníomhaithe ar son na haeráide maidir lena gcuid cuspóirí chun Glan-nialas a bhaint amach de réir mar atá leagtha amach ina bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide. Áiríodh leis seo seimineáir ghréasáin ar líne a d'éascaigh roinnt na faisnéise agus ceardlanna praiticiúla do rannpháirtithe le treochlár a fhorbairt go glan-nialas dá n-údarás áitiúil féin nó eagraíocht.

I mí Aibreáin na bliana 2024, d'eagraigh an Tionól cuairt staidéir go Cóbanhávan d'fhoireann bhainistíochta údaráis áitiúla agus foireann atá ag leibhéal na n-oibríochtaí sna réimsí pleanála agus gníomhaithe ar son na haeráide ó Chomhairlí Contae an Chláir, Chorcaí agus Laoise. Bhí siad ag plé ansin le malartú dírithe faisnéise le príomhchumasóirí ó na tíortha rannpháirteacha eile CBM NetZero sna réimsí beartais d'éifeachtúlacht fuinnimh, iompar agus soghluaisteacht, agus aistriú digiteach agus pleanáil. Chabhraigh cuairteanna go saotharlanna beo agus suíomhanna taispeántais i gCóbanhávan beocht a chur sna cás-staidéir ag léirigh siad meon oibríochta i leith na smaointí agus na gcoincheap gur féidir tabhairt in oiriúint go comhthéacsanna áitiúla ina dtíortha féin.

Chuir an tionscadal CBM NetZero acmhainní éagsúla meáin ar fáil i gcaitheamh na bliana, agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt freagrach as taighde a dhéanamh ar bhlagailt, chomh maith lena scríobh agus a scaipeadh bunaithe ar phríomhábhair théamacha a bhaineann leis an Tionscadal forbartha cumais. Ullmhaíodh ábhar an ailt le modhanna giniúna agus glactha faisnéise atá níos simplí agus níos gasta a spreagadh go háitiúil agus ar fud réigiún. Chlúdaigh na topaicí a roghnaíodh do na hailt: (i) Intreoir ar Thionscadal SMCNetZero;(ii) Éifeachtúlacht Fuinnimh; (iii) Soghluaisteacht Inbhuanaithe; (iv) Inbhuanaitheacht Timpeallachta.

ROBIN
DEPLOYING CIRCULAR BIOECONOMIES AT REGIONAL LEVEL WITH A TERRITORIAL APPROACH

Is tionscadal 36-mí de chuid Fís Eorpach é ROBIN a bhfuil sé mar aidhm aige réigiúin na hEorpa a chumasú lena gcuid múnlaí agus struchtúr rialachais bithgheilleagair a fhorbairt agus a oiriúnú d'fhonn na spriocanna a bhaineann lena mbithgheilleagar ciorclach a bhaint amach níos

tapa. Ligeann ROBIN dúinn foghlaim ó agus eolas a roinnt le réigiúin rannpháirteacha Eorpacha agus comhpháirtithe as an nGréig, an Spáinn, an Ghearmáin, an tSlóvaic maidir le bealaí chun ár struchtúir agus múnlaí rialachais a chomhmhúnlú de réir ár réigiún, faoi seach.

Is comhpháirtithe na hÉireann iad Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus Grúpa Taighde Bithgheilleagair Chiorclaigh Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (CircBio) do Réigiún an Deiscirt ar ROBIN. Tá an tionscadal mar chuid de Thionscamh na gCathracha agus Réigiún Ciorclach (TCRC) a bhunaigh an Coimisiún Eorpach le tacú le haistriú glas na hEorpa trí chiorclaíocht a mhéadú ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha. Leanfaidh an tionscadal go dtí Meán Fómhair 2025.

I Meitheamh na bliana 2024, rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus OTM comhóstáil ar cheardlann i dTeach an Tionóil i bPort Láirge a bhí bunaithe ar an straitéis réigiúnach don rialachas bithgheilleagair. Eagraíodh an ócáid mar chuid de mhisean an Tionscadail na huirlisí a fhorbairt a roinnfí le treochlár a fhorbairt do rialachas an bhithgheilleagair i réigiún an deiscirt.

Tháinig 14 pháirtí leasmhar bithgheilleagair rialtais, tionscail, acadúil agus sochaí sibhialta chuig an ócáid a chuir go dearfach lenár bplé agus thaispeáin siad a saineolas agus taithí maidir leis an méid ar cheart a bheith i straitéis réigiúnach don bhithgheilleagar agus na réimsí tosaíochta nach mór aird a dhíriú orthu. Ba dheis í an ócáid freisin Uirlisí ROBIN a bhronnadh ar phríomhpháirtithe leasmhara agus d'oibrigh rannpháirtithe i ngrúpaí beaga le ceardlann a dhéanamh chomh maith le haiseolas a chur ar fáil faoi na huirlisí i gceacht bailíochtaithe tástála alfa.

Is ócáid bhliantúil náisiúnta í Seachtain Bhithgheilleagair na hÉireann a mhaireann seachtain amháin agus a tharlaíonn gach Deireadh Fómhair le nuálaíochtaí a thabhairt chun solais agus feasacht a mhúscailt faoin mbithgheilleagar in Éirinn. D'eagraigh comhpháirtithe na hÉireann sa Tionscadal ROBIN (Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus OTM) seimineár i bPort Láirge leis an téama 'I dTreo 2030: Múnla Rialachais Bithgheilleagair Chiorclaigh a fhorbairt dár bPobail, dár gCathracha agus dár Réigiúin'. Bhí cuir i láthair san ócáid ó phríomhpháirtithe leasmhara i mbithgheilleagar na hÉireann agus lean ceardlann bailíochtaithe béite ar dhá uirlis de na huirlisí atá le forbairt ag Tionscadal ROBIN le tacú le réigiúin múnlaí agus straitéisí rialachais bithgheilleagair a fhorbairt – Canbhás Mhúnla Rialachais an Bhithgheilleagair Chiorclaigh agus an Uirlis Mhonatóireachta Beartais. Ar an iomlán, d'éirigh go han-mhaith leis an lá. Ón aiseolas a fuarthas, bhain na daoine a d'fhreastail ar an gceardlann an-tairbhe as caighdeán na gcur i láthair agus an phlé a lean agus ceardlann bailíochtaithe uirlis ROBIN, agus rinneadh líon mór teagmhálaithe nua ón líonrú neamhfhoirmiúil.

I mí Nollag na bliana 2024, d'eagraigh an Tionscadal seisiún bailíochtaithe tástála béite do dhá acmhainn eile a d'fhorbair an Tionscadal - an Creat Tíopeolaíochta agus Ardán an Eolais. Tugadh forléargas do rannpháirtithe ar fhorbairt na n-acmhainní sin agus na féidearthachtaí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm praiticiúil do lucht déanta beartais. Ina dhiaidh sin, rinne páirtithe leasmhara, lena n-áirítear páirtithe leasmhara a rinne ionadaíocht ar réigiúin taobh amuigh dá gcinn féin, tástáil agus bailíochtú praiticiúil den fheidhmiúlacht, inúsáidteacht agus feidhmíocht.



# Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann

## Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann

Is seirbhís comhroinnte é Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann (OERÉ) a chuireann seirbhís comhroinnte ar fáil do na trí Thionól Réigiúnacha agus na 31 údarás áitiúil de chuid na hÉireann (LRAnna). Ó thaobh oibríochta de, tá an oifig mar chuid de Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre agus le tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, tá an bhéim dírithe ar an AE a thabhairt níos gaire d'earnáil an rialtais áitiúil níos leithne agus a mhalairt.

Tá ról ríthábhachtach ag na trí Thionól Réigiúnacha maidir le bainistíocht agus soláthar chláir maoinithe Bheartas Réigiúnach an AE in Éirinn. Feidhmíonn na trí Thionól Réigiúnacha ar fad mar Phointí Teagmhála Náisiúnta freisin le haghaidh Cláir Chomhoibrithe Chríochaigh Eorpaigh agus glacann siad páirt i gcoistí monatóireachta na gclár sin.
Measadh gur bliain toghcháin a bhí in 2024 le toghcháin na Parlaiminte Eorpaí, toghcháin na n-údarás áitiúil agus olltoghchán in Éirinn.

Lean an OERÉ lena straitéis a sholáthar a bhfuil sé mar aidhm aici go gcuireann an oifig comhairle agus eolas tráthúil agus straitéiseach ar fáil maidir le forbairtí i mbeartais an AE chuig na trí Thionól Réigiúnacha agus na húdaráis áitiúla in Éirinn agus go gcomhordaíonn sí agus go dtacaíonn sí le Toscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún.

Déanfar an straitéis a sholáthar ag:

- Feachtas a mhúscailt agus na deiseanna a chur in iúl le haghaidh rannpháirtíocht i gcláir mhaoinithe an AE.
- Deiseanna a lorg chun tionchar a imirt ar fhorbairtí beartais an AE
- Cumas, líonraí agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le réigiúin eile san AE
- Cuaille eolais chuig na Pointí Teamghála Náisiúnta bunaithe i dTionóil Réigiúnacha, ag cur a ról in iúl maidir le tacaíocht forbartha roimh agus i ndiaidh an tionscadail
- Próifíl láidreachtaí an Rialtais áitiúil agus réigiúnaigh in Éirinn a ardú chuig comhpháirtithe na hEorpa agus chuig institiúidí an AE.

**Feasacht agus Cumarsáid a Ardú**
I mí Feabhra 2024, cuireadh i láthair ag an OERÉ ag seimineár oiliúna bliantúil Chumann Réigiúin na hÉireann 'Ag Múnlú Forbairt Réigiúnach na hÉireann' a bhí ar siúl in Áth Dara, Contae Luimnigh. Chuir Teresa Lennon, an Ceannasaí Oifige forléargas ar fáil faoi obair an OERÉ agus thug sí an t-eolas is déanaí do na toscairí maidir le hobair Thoscaireacht na hÉireann do Choiste na Réigiún.

Tharla 10ú Cruinniú Mullaigh Eorpach na Réigiún agus na gCathracha i Mons ar an 18 agus 19 Márta 2024. Ba ghné lárnach é an Cruinniú Mullaigh sa chlár réigiúnach d'Uachtaránacht na Beilge san AE, agus d'fhreastail os cionn 3500 ceannasaí áitiúil agus réigiúnach ón Eoraip ar an gCruinniú, daoine a tháinig le chéile le cruth a chur ar thodhchaí na hEorpa, ag leagan béime ar chumhacht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach le dul i ngleic le dúshláin agus len' iad a chur i gcrích.  Chomh maith leis na seisiúin iomlánaíocha agus ceardlainne bhí Féile na Réigiún a mhair dhá lá agus ina raibh réigiúin ón Eoraip ag léiriú a n-acmhainní agus a rannpháirtíocht i gcláir mhaoinithe AE.

Rinne seastán na hÉireann, bhfuil an-tóir air, ionadaíocht ar Éirinn ag an bhféile, agus thaispeáin sé obair Thionóil Réigiúnacha na hÉireann lena n-áirítear Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann atá sa Bhruiséil. Bhí an deis leis an seastán d'Éirinn le smaointí a mhalartú agus le comhpháirtíochtaí a fhorbairt le réigiúin ar fud na hEorpa!

**Tionchar a Imirt ar Bheartas na hEorpa**
I Meitheamh na bliana 2024, bhuail an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, Jennifer Carroll MacNeill le Toscaireacht na hÉireann go Coimisiún na Réigiún i dTithe an Rialtais. Baineadh úsáid as an gcruinniú leis an Aire le hobair na Toscaireachta le cúig bliana anuas a thabhairt chun solais agus le sainordú nua a phlé do Choiste na Réigiún. Chuir baill den Toscaireacht an tAire ar an eolas freisin faoin straitéis don OERÉ agus Seirbhís Tacaíochta Rialtais Áitiúil an AE. Dhearbhaigh an tAire don Toscaireacht go raibh tacaíocht acu uaithi dá gcuid oibre agus an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht rialtais áitiúil i ndéanamh chinntí AE trí Choiste na Réigiún.

Tá cruinnithe rialta tar éis a bheith ag an OERÉ le FPEnna na hÉireann agus Buanionadaíocht na hÉireann chun coinneáil suas le forbairtí

ar bheartas an AE agus rinne siad cinnte go ndearnadh plé le húdaráis áitiúla agus tionóil réigiúnacha na hÉireann.  B'amhlaidh seo agus cás thodhchaí bheartas comhtháite tar éis 2027. Rinne an OERÉ comhordú ar pháipéar seasaimh Comhthionóil ar thodhchaí bheartas comhtháite agus thug Stiúrthóir Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus beirt Stiúrthóirí ó na Tionóil Réigiúnacha eile cuairt ar an mBruiséil i mí Dheireadh Fómhair 2024 le bualadh le agus le plé a dhéanamh le FPEnna na hÉireann maidir leis an ngá atá le cur chuige áit-bhunaithe i dtodhchaí an bheartais chomhtháite.

Tá ionadaíocht d'Éirinn cinntithe ag OERÉ i bpáipéir sheasaimh de réir Uachtarán Choimisiún na hEorpa Ursula von der Leyen maidir le todhchaí bheartas comhtháite agus le Coimisinéir Fitto, an Coimisinéir um Bheartas Comhtháite agus Leasú. D'eagraigh an OERÉ rannpháirtíocht na dTionól Réigiúnach i seimineár i bParlaimint na hEorpa agus ghlac ionadaithe na hÉireann páirt i gcruinnithe le triúr Coimisinéirí Eorpacha: Piotr Serafin, Raffaele Fitto agus Roxana Minzatu.

**Cumas, líonraí agus comhpháirtithe a fhorbairt**
Lean leis an OERÉ ag bualadh le réimse eagraíochtaí sa Bhruiséil chun obair réigiúin na hÉireann a chur chun cinn. Tá an OERÉ tar éis dul isteach i Líonra na bPríomhchathracha agus Réigiúin (LPCR) agus tá sé mar aidhm aige a chinntiú go gcuirtear tuairimí Cathracha agus Réigiúin na hÉireann i láthair in institúidí an AE, go háirithe ar bheartas réigiúnach.

I Márta 2024, chuaigh an OERÉ isteach sa líonra EUregions4Cohesion, a dhéanann ionadaíocht ar 130 réigiún ar fud na hEorpa. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa cosaint a dhéanamh ar ghuthanna na réigiún i mbeartas chomhtháite AE amach anseo.

Tá an OERÉ ag tabhairt comhairle d'údaráis áitiúla ar bhonn rialta ar na cineálacha líonraí ar féidir leo cabhrú le tuiscint ar bheartas an AE agus cláir mhaoinithe, chomh maith le cabhrú le comhpháirtithe a fhorbairt.

Buaileann an OERÉ le chéile le contrapháirteanna ar fud na RA trí thinreamh ar ócáidí rialta le hoifigí na Breataine Bige, na hAlban agus Thuaisceart Éireann. Déantar é seo lena chinntiú go bhfuil cumarsáid leanúnach ann agus fiosrúchán ar aon deiseanna comhoibrithe féideartha le húdaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile sa RA.



Buaileann Stiúrthóirí na dTionól Réigiúnach le FPE Maria Walsh agus Teresa Lennon, Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann, sa Bhruiséil

Le linn na bliana 2024, d'oibrigh an OERÉ le Coiste na Réigiún chun clár na bPolaiteoirí Tofa Óga (PTÓ) a chur chun cinn ar fud na hÉireann.  Is líonra polaiteoirí é an clár seo nach bhfuil níos sine ná 40 bliain d'aois agus tá mandáid acu ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil san AE. Foilsítear glaoch ar iarratasóirí páirt a ghlacadh sa chlár gach bliain agus bíonn an deis ag PTÓanna teagmháil a dhéanamh le polaiteoirí óga eile tríd an bPobal PTÓ, chun freastal ar oiliúint maidir le topaicí an AE, agus chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí atá eagraithe ag CnaR, lena n-áirítear cruinnithe le rapóirtéirí, ócáidí agus seimineáir atá eagraithe ag CnaR, agus gníomhaíochtaí cumarsáide.

**Cur le próifíl bhuanna an Rialtais Áitiúil agus Réigiúnaigh**

Tá cruinnithe eagraithe ag an OERÉ do gach ceann de na 3 Thionól Réigiúnacha le bualadh le FPEanna Éireannacha, ag leagan béime ar a ról mar Údaráis Bhainistíochta Chlár Maoinithe CRFE agus an Chiste um Aistriú Cóir. Ina theannta sin, ag deireadh 2024 rinne OERÉ leabhrán ar Thionchar Thoscaireacht na hÉireann ar Choiste na Réigiún do shainordú 2020 – 2025. Leagann sé sin béim ar na 11 tuairim a bhí ag Baill Éireannacha chomh maith leis an obair agus tionscnaimh Thoscaireacht na hÉireann.




# Coiste na Réigiún

## Coiste na Réigiún

**European Committee of the Regions**

Is é an OERÉ rúnaíocht le Toscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún agus comhordaíonn sé obair chomhaltaí na toscaireachta náisiúnta chuig Coiste na Réigiún (CnaR).

Maidir le tionól ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha an Aontais Eorpaigh, tá 329 comhalta ag CnaR ó 27 Ballstát an AE, agus toghtar iad go daonlathach agus/nó tá mandáid pholaitíochta acu ina dtír dúchais. Is é ról CnaR ná forbairt reachtaíocht an AE agus beartais na hEorpa amach anseo a chur ar an eolas trí ionchur na bpobal a bhfuil an ionadaíocht is mó déanta dóibh, le fócas ar réimsí beartais an AE sin agus na moltaí a théann i bhfeidhm is mó ar réigiúin agus cathracha.

Cuireann CnaR a thuairimí i láthair trí thuairimí nó réitigh scríofa, atá forbartha i gceann amháin as sé choimisiún téamacha a chlúdaíonn na réimsí beartais seo a leanas:

- Saoránacht, Rialachas, Gnóthaí Institiúideacha agus Seachtracha (CIVEX)
- Beartas Comhtháthaithe Críche agus Buiséad an AE (COTER)
- Beartas Eacnamaíoch (ECON)
- Comhshaol, Athrú Aeráide agus Fuinneamh (ENVE)
- Acmhainní Nádúrtha (NAT)
- Beartas Sóisialta, Oideachas, Fostaíocht, Taighde agus Cultúr (SEDEC)

Cruinníonn gach Coimisiún de ghnáth ar chúig ócáid le linn na bliana chun na tuairimí a ullmhú le haghaidh glacadh ag 5-6 sheisiún bliantúla iomlánacha. Is minic a fhreastalaíonn Coimisinéirí, Airí Uachtaránachta agus FPEnna ar chruinnithe CnaR, agus tá malartú leanúnach ar siúl idir institiúidí maidir le saincheisteanna beartais.

**Toscaireacht na hÉireann - Ionadaithe Réigiún an Deiscirt**

Ba é an Comhairleoir Michael Murphy a bhí mar Cheann Thoscaireacht na hÉireann, ionadaí Thionól Réigiúnach an Deiscirt ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus tá liosta thíos d'ionadaithe CnaR do Réigiún an Deiscirt le haghaidh 2020 - 2025.

| Comhaltaí Iomlána | Comhairle |
|---|---|
| Michael Murphy | Comhairle Contae Thiobraid Árann *D'éirigh sé as i Meán Fómhair 2024 agus toghadh é go Dáil Éireann i Samhain 2024 |
| Deirdre Forde | Comhairle Chathair Chorcaí *Tháinig deireadh leis an mandáid i Meitheamh 2024 |
| Kieran McCarthy | Comhairle Chathair Chorcaí |
| **Comhaltaí Eile** | **Comhairle** |
| Gillian Coughlan | Comhairle Contae Chorcaí |
| Conor McGuinness | Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge *Toghadh é go Dáil Éireann i Samhain 2024 |
| Dan Boyle | Comhairle Chathair Chorcaí |

**Is féidir tuilleadh eolais faoi Thoscaireacht na hÉireann a aimsiú ag www.ireo.eu**

**Oibreacha Reachtaíochta**

Leanadh le Comhaltaí na hÉireann tuairimí a chur i láthair agus tionchar a imirt i gCoiste na Réigiún. Ar an iomlán, glacadh le trí thuairim ó Bhaill na hÉireann in 2024:

- Beart Faoisimh FBM agus moladh BEFIT – an Comhairleoir Kate Feeney
- Creat AE don Scagadh Infheistíochta Dírí Eachtraí – An Comhairleoir Michael Murphy
- Ag dul i ngleic le Neamhionannais Chríochacha tríd an Rochtain ar Sheirbhísí Sóisialta a Fheabhsú – An Comhairleoir Declan McDonnell

**Beart Faoisimh FBM agus moladh BEFIT – an Comhairleoir Kate Feeney**

Glacadh le tuairim an Chomhairleora Kate Feeney i mí Feabhra 2024 "An Beart

Faoisimh FBM agus an Creat BEFIT". Le linn an taispeántais mhol an Comhairleoir Feeney don Eoraip glacadh leis an dearcadh "mionsmaoineamh ar dtús" a tháinig go mór lena tuairim féin. Tar éis idirghabhálacha ón seomra glacadh leis an tuairim.

**Creat AE don Scagadh Infheistíochta Dírí Eachtraí – An Comhairleoir Michael Murphy**
I Samhain na bliana 2024 glacadh le tuairim an Chomhairleora Michael Murphy "Creat AE don Scagadh Infheistíochta Dírí Eachtraí" d'aon toil ag seisiún iomlánach. Luaigh an tuairim an baol atá ann go n-ardódh teannas geopholaitiúil agus bagairtí slándála i mbonneagar mór an AE agus ina dhiaidh sin an tábhacht a bhaineann le rialacháin scagtha infheistíochta leis na príomhearnálacha ar nós fuinnimh, sláinte, soláthar bia agus líonraí faisnéise a chosaint. Go ríthábhachtach, d'áitigh an tuairim gur gá don AE údaráis áitiúla agus réigiúnacha a thabhairt isteach sa scéal leis an gcosaint is fearr a dhéanamh ar na hearnálacha seo.

**Ag dul i ngleic le Neamhionannais Chríochacha tríd an Rochtain ar Sheirbhísí Sóisialta a Fheabhsú – An Comhairleoir Declan McDonnell**
Chomh maith leis sin, i Samhain 2024, glacadh le tuairim an Chomhairleora Declan McDonnell "Ag dul i ngleic le Neamhionannais Chríochacha tríd an Rochtain ar Sheirbhísí Sóisialta a Fheabhsú" ag seisiún iomlánaíoch. Leagann an tuairim béim ar an ról tábhachtach atá ag na húdaráis áitiúla le rochtain chothrom a chinntiú ar sheirbhísí sóisialta, in ainneoin dúshlán ar nós bonneagar míshásúil, easpa gairmithe atá cáilithe agus srianta airgeadais, go háirithe in áiteanna iargúlta.
Lean leis an Toscaireacht ag feidhmiú mar an bpríomhnasc idir an Coiste agus Ionadaíocht na hÉireann. Bhí cruinnithe ag an Toscaireacht le FPEnna na hÉireann, chomh maith le hionadaithe Choimisiún na hÉireann chun riachtanais rialtas áitiúil na hÉireann a chur in iúl ar ardán an AE. Lean leis an Toscaireacht, le cúnamh ón OERÉ, ag breathnú ar shainchomhaid beartais ábhartha agus rinne siad idirghabhálacha, trí leasúcháin chomh maith le coimisiún agus idirghabhálacha iomlánacha.

**Forléargas ar obair Choiste na Réigiún in 2024**
In 2024, ghlac Coiste na Réigiún Eorpach (CnaR) le 53 tuairim agus 4 réiteach, beagán níos lú na blianta roimhe sin ach níos mó ná 2019, bliain den chineál céanna i dtimthriall idir-institiúideach an AE. Ba bhuaicphointe mór 10ú Cruinniú Mullaigh na Réigiún agus na gCathracha de chuid na hEorpa i Mons, a thug le chéile na mílte ceannasaithe áitiúla agus réigiúnacha le todhchaí na hEorpa a mhúnlú agus le tionchar a imirt ar Chlár Straitéiseach agus ar Threoirlínte Polaitiúla an AE. Leag an cruinniú mullaigh béim bhreise ar ról ríthábhachtach an rialachais áitiúil i gcomhtháthú agus déanamh beartais an AE, agus líon de 7,500 rannpháirtí ar líne agus go pearsanta i gceist.

Bhrúigh CnaR a thosaíocht pholaitiúil chun tosaigh den Eoraip a thabhairt níos gaire dá saoránaigh trí roinnt mhaith tionscnamh. Ba phríomhéacht é an meamram tuisceana le Parlaimint na hEorpa le tacú le rannpháirtíocht dhaonlathach le linn thoghcháin na Eorpa, a tharlaíonn ag an am céanna le líon mór toghchán áitiúil trasna na mballstát. D'imir ionchur CnaR tionchar ar ghealltanas Choimisiún na hEorpa don rannpháirtíocht ag leibhéal áitiúil, agus glacadh lena abhcóideacht ar an tionchar críochach, beartas scileanna, agus rialú níos fearr i dtuarascálacha móra institiúideacha. Ba chloch mhíle a bhí i dteacht le chéile an líonra comhairleoirí agus tionscnamh áitiúil Choimisiún na hEorpa go háirithe maidir le comhoibriú institiúideach.

Chomh maith le pobail sheasmhacha áitiúla agus réigiúnacha a thógáil, bhí ról feiceálach idirnáisiúnta ag CnaR, go háirithe i mbeartas aeráide agus bithéagsúlachta trí COP29 agus COP16. Chabhraigh a thuairimí le cinntí na Comhairle agus Straitéisí AE a mhúnlú, chomh maith le tionchar a imirt ar ainmniú chúram nua de chuid an Choimisinéara Eorpaigh chun dul i ngleic le tithíocht, bochtaineacht fuinnimh agus forbairt inbhuanaithe. D'éirigh lena abhcóideacht fhadtéarmach maidir le beartas uisce agus fioscach torthaí a bhaint amach le hearcaíocht nua agus athruithe sna rialacha airgeadais, rud a chuireann leis an gcumas infheistíochta ag leibhéal áitiúil.

D'fhan an beartas comhtháite ina phríomhchúram. Chuir CnaR go mór le cruth a chur ar an plé ar an gcomhtháthú tar éis 2027, lena n-áirítear trí phríomhthuairimí agus rannpháirtíocht i gcruinnithe ard-leibhéil institiúideacha. Glacadh lena mholtaí i roinnt mhaith cinntí de chuid na Comhairle a bhain leis an athrú daonlathach, seirbhísí sóisialta agus an Comhbheartas Iascaireachta. Lean tionchar

CnaR ar aghaidh go beartas méadaithe freisin, go háirithe sna Balcáin Thiar agus san Úcráin, áit inar aithníodh agus inar tacaíodh go foirmiúil leis na hiarrachtaí maidir le rialachas il-leibhéil agus leasú díláraithe.

Mar fhocal scoir, d’ardaigh iarrachtaí cumarsáide in 2024 próifíl CnaR go mór mór le os cionn 17,600 tagairt sna meáin, an líon is airde ó 2017. Bhí CnaR breá feiceálach go háitiúil agus go náisiúnta, rud a neartaigh cás CnaR mar chomhlacht inchreidte agus cumhachtach AE. Léiríonn na torthaí cumarsáide seo aithint atá ag méadú ar ionchur CnaR maidir le beartas AE a ardú aníos ó thalamh agus le hInstitiúidí Eorpacha a cheangal leis an bhfíorshaol.

# Ráitis Airgeadais Bhliantúla

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais ag 31 Nollaig 2024

| Ioncam | 2023 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí na nÚdarás Áitiúil | 1,444,696 | 1,577,867 |
| Fórchúitheamh Cúnaimh Theicniúil | 694,497 | 928,466 |
| Forchúitheamh Interreg | 6,107 | 2,225 |
| Forchúiteamh Tuarastail – Cláir/Tionscadail AE | 266,413 | 279,425 |
| Forchúiteamh Taistil – Cláir/Tionscadail AE | 14,733 | 7,303 |
| Forchúiteamh Ginearálta Cláir/Tionscadail AE | 7,395 | 175,580 |
| Scéim Deontas Ionad Uirbeach Ainmnithe | 2,500,000 | 2,723,506 |
| Táillí Rialaithe Céad Leibhéal (RCL) | 103,289 | 121,240 |
| Táillí Comhdhála Chumann Réigiúin na hÉireann (CRÉ) | 37,397 | 19,990 |
| Leithdháileadh Párolla Údaráis Áitiúla | 0 | 59,601 |
| Ilchineálach | 1,867 | 4,706 |
| Díbhinn (IPB) | 1,647 | 1,176 |
| **Iomlán** | **5,078,040** | **5,901,085** |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Párolla | 1,865,913 | 2,277,332 |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) | 60,554 | 59,884 |
| Scéim SSP Aoisliúntais | 30,401 | 45,901 |
| Taisteal agus Maireachtáil - Foireann | 111,146 | 149,173 |
| Liúntas Bliantúil na gComhaltaí | 92,900 | 72,038 |
| SPA Comhaltaí / Taisteal Eile | 6,805 | 3,330 |
| Oiliúint Comhaltaí / Liúntas Comhdhála | 32,212 | 14,063 |
| Táillí Comhdhála | 750 | 0 |
| Trealamh agus Soláthairtí Oifige | 36,299 | 40,036 |
| Costais Fuinnimh | 21,416 | 19,445 |
| Post agus Teileafón | 18,493 | 17,477 |
| Rátaí agus Táillí Uisce | 6,733 | 6,285 |
| Costais Deisithe, Cothabhála agus Oifige | 26,231 | 11,155 |
| Táillí Comhairliúcháin/Gairmiúla | 51,711 | 37,346 |
| Conarthaí Bliantúla | 94,885 | 103,425 |
| Árachas | 14,441 | 17,030 |
| Tuarascáil Bhliantúil agus Plean Corparáideach | 10,803 | 8,018 |
| Faisnéis agus Cumarsáid | 166,808 | 155,689 |
| Ranníocaíochtaí/Táillí/Tobhaigh (LGMA) | 14,147 | 8,471 |
| Ócáid Chumann Réigiúin na hÉireann (CRÉ) | 47,397 | 32,969 |
| Táillí Bainc | 741 | 813 |
| Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine | 1,828 | 9,297 |
| SRSE Pleanáil Réigiúnach | 62,536 | 172,505 |
| Muirear Dímheasa | 5,154 | 4,174 |
| Scéim Deontais Tairsí - Íocaíochtaí Tionscadail | 2,500,000 | 2,723,506 |
| Líonra Comhar Críche Eorpach (CCE) | 1,481 | 0 |
| CBL | 0 | 13,155 |
| Ilchineálach | 16,507 | 11,510 |
| **Costais Iomlána** | **5,298,292** | **6,014,027** |
| **Barraíocht Ioncaim thar Caiteachas** | **-220,252** | **-112,942** |

## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2024

| | 2023<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | 1,004,445 | 1,016,295 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead Tirim ag an mBanc | 2,020,153 | 2,551,103 |
| Féichiúnaithe | 867,482 | 343,376 |
| | **2,887,635** | **2,894,479** |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 126,060 | 198,475 |
| Cárta Creidmheasa | 202 | 542 |
| | **126,263** | **199,018** |
| **Glan-Sócmhainní Reatha** | **2,761,372** | **2,695,461** |
| **Glan-Sócmhainní** | **3,765,818** | **3,711,756** |
| **Maoinithe ag** | | |
| **Iarmhéid ag tús na bliana** | 3,986,258 | 3,765,818 |
| **Athrú ón mbliain roimhe** | -189 | 0 |
| **Barraíocht Ioncaim thar Caiteachas** | -220,252 | -112,942 |
| **Cúlchiste Aoisliúntais** | 0 | 58,880 |
| | **3,765,818** | **3,711,756** |

# Foireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2024

| | |
|---|---|
| **David Kelly** | Stiúrthóir |
| **Kevin Lynch** | Stiúrthóir Cúnta |
| **Enda Hogan** | Stiúrthóir Cúnta |
| **Dominic Walsh** | Oifigeach Pleanála Réigiúnach |
| **Brigh Ryan** | Oifigeach Pleanála Réigiúnach |
| **Eoin O'Connor** | Pleanálaí Feidhmeannach Sinsearach Gníomhach |
| **Sharon Murray** | Oifigeach Riaracháin |
| **Vincent Dunphy** | Oifigeach Riaracháin |
| **Michael Buckley** | Iniúchóir |
| **Karen Coughlan** | Oifigeach Riaracháin |
| **Rose Power** | Oifigeach Riaracháin |
| **Marie Harnett** | Oifigeach Riaracháin |
| **Ronan O'Brien** | Oifigeach Riaracháin |
| **Sarah Davoren** | Feidhmeannach AE |
| **Ian Ludlow** | Oifigeach Sinsearach Foirne |
| **Breda Curran** | Oifigeach Foirne |
| **Yvonne Cooney** | Oifigeach Foirne Gníomhach |
| **Eoin O'Connor** | Pleanálaí Feidhmeannach |
| **Mary Molloy** | Pleanálaí Feidhmeannach |
| **Kevin Twomey** | Pleanálaí Feidhmeannach |
| **Catherine Connaughton** | Oifigeach Tionscadal |
| **Samantha Richardson** | Oifigeach Forbartha |
| **Lisa Moran** | Oifigeach Tionscadal AE |
| **Áine Whelan** | Oifigeach Tionscadal AE |
| **Rhiannon Carey Bates** | Oifigeach Tionscadal AE |
| **Colm Walsh** | Oifigeach Tionscadal AE Gníomhach |
| **Eve Hayden** | Rialtóir Sinsearach Céad Leibhéal |
| **Edel Hunt** | Rialtóir Sinseareach Céad Leibhéal |
| **Elayne McDonnell** | Rialtóir Sinseareach Céad Leibhéal |
| **Pauline Toomey** | Oifigeach Cúnta Foirne |
| **Denis Cotter** | Oifigeach Cúnta Foirne |
| **Róisín Slattery** | Oifigeach Cléireachais |
| **Anna Higgins** | Oifigeach Cléireachais |
| **Oonagh Messette** | Oifigeach Cléireachais |
| **Elaine Gallagher** | Oifigeach Cléireachais |
| **Maria Murphy** | Oifigeach Cléireachais |
| **Omer Sunguroglu** | Oifigeach Cléireachais |
| **Claire Breen** | Oifigeach Cléireachais |
| **Lorraine Barron** | Oifigeach Cléireachais |

# Aguisíní

## 1 Gluais Téarmaíochta

| | |
|---|---|
| AGM | Cruinniú Cinn Bliana |
| CRÉ | Cumann Réigiúin na hÉireann |
| AIRO | An tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann |
| APN | Líonra Phlean Gníomhaithe |
| ARC | Taighde a Luasghéarú go Cumarsáid |
| BEFIT | Creat Gnó na hEorpa don Cháin |
| BGI | Bonneagar Gorm Glas |
| CAP | Comhbheartas Talmhaíochta |
| CARO | Gníomhú ar son na hAeráide a Chomhordú le hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| PFCC | Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae |
| CCRI | Tionsnamh na gCathracha agus na Réigiún Ciorclacha |
| CCRN | Líonra na bPríomhchathracha agus Réigiún |
| CircBio | Bithgheilleagar Ciorclach |
| Clr | Comhairleoir |
| CMATS | Straitéisí Iompar na gCeantar Cathrach i gCorcaigh |
| CO2 | Dé-ocsaíd Charbóin |
| CnaR | Coiste na Réigiún |
| CSP | Rialú maidir le Rialacha a Bhunú do Thacaíocht don Comhbheartas Talmhaíochta |
| DAFM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| DEC | Teastas Fuinnimh Taispeána |
| RCAC | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| DFHERIS | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| DISC | Comhar i Muir Éireann a Fhorbairt |
| DMAPS | Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe |
| DoT | An Roinn Iompair |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| EIST | Fostaíocht, Cuimsiú, Scileanna agus Oiliúint |
| GECC | Grúpáil Eorpach um Chomhar Críochach |
| TROLT | Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre |
| CFRE | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa |
| ERNACT | Líonra Réigiúin na hEorpa d'Fheidhmiú na Teicneolaíochta Cumarsáide |
| CSE | Ciste Sóisialta na hEorpa |
| BSL | Bord Soláthair an Leictreachais |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| CCE | Comhar Críochach Eorpach |
| AE | Aontas Eorpach |
| EUI | Tionscnamh Uirbeach na hEorpa |
| RCL | Rialú Céad Leibhéal |
| GCT | Gás Ceaptha Teasa |

| | |
|---|---|
| GIS | Córas Faisnéise Geografaí |
| AD | Acmhainní Daonna |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| CÉCDC | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
| ITanna | Institiúidí Teicneolaíochta |
| IPB | Árachas IPB |
| IPI | Institiúid Pleanála na hÉireann |
| OERÉ | Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann |
| LAN | Líonra Roinnte Nuálaíochta |
| JTF | An Ciste um Aistriú Cóir |
| ÚÁ | Údarás Áitiúil |
| PÁEP | Plean Eacnamaíoch Áitiúil agus Pobail |
| LGMA | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| ÚÁanna | Údaráis Áitiúla na hÉireann |
| LSMATS | Straitéis Iompar na gCeantar Cathrach i Luimneach Sionainn |
| MASP | Plean Straitéiseach na gCeantar Cathrach |
| MC | Coiste Monatóireachta |
| FPE | Feisire de Pharlaimint na hEorpa |
| MRTT | Foireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre |
| OTM | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan |
| NBS | Réitigh Dúlra-Bhunaithe |
| PFN | An Plean Forbartha Náisiúnta |
| ENR | Eagraíocht neamhrialtasach |
| NPA | Imeall Thuaidh agus an tArtach |
| CNP | An Creat Náisiúnta Pleanála |
| NPO | Cuspóir an Bheartais Náisiúnta |
| ÚNI | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| NWE | Iarthuaisceart na hEorpa |
| TRTI | Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair |
| OECD | An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta |
| ORP | Oifig an Rialtóra Pleanála |
| RDP | Plean Réigiúnach Dícharbónaithe |
| PRF | Plean Réigiúnach Fiontraíochta |
| CBR | Cuspóir Pleanála Réigiúnaí |
| SRLI | Straitéisí Réigiúnacha Leictreachais In-athnuaite |
| SRSE | Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SETU | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| CBM | Cathair Bheag agus Mheánmhéide |
| FBM | Fiontair bheaga agus mheánmhéide |
| PIS | Plean Inbhuanaithe Soghluaisteachta |
| CSP | Ceantar Straitéiseach Pleanála |
| GFOD | Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt |
| SSP | Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí |
| SSR | Réigiún Cliste an Deiscirt |
| TAIEX | Malartú Faisnéise agus Cúnamh Teicniúil |

| | |
|---|---|
| PTG | Plean Téamach Gníomhaithe |
| LIT-E | Líonra Iompair Tras-Eorpach |
| BIÉ | Bonneagar Iompair Éireann |
| TN | Líonraí Malartaithe |
| UTT | Uirlis Teicniúla Tacaíochta |
| OT | Ollscoil Teicneolaíochta |
| COBÁC | Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath |
| RA | An Ríocht Aontaithe |
| ULGanna | Grúpaí Áitiúla URBACT |
| UNESCO | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe |
| CBL | Cáin Bhreisluacha |
| SICCPL | Straitéis Iompair na gCeantar Cathrach Phort Láirge |
| GO | Grúpa Oibre |
| PÓT | Polaiteoirí Óga Tofa |